Parlaimint na hEorpa
2024-2029

an Coiste um Iascach

2025/0106(COD)

12.11.2025

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir
(COM(2025)0195 – C10-0082/2025 – 2025/0106(COD))

an Coiste um Iascach

Rapóirtéir don tuairim: Thomas Bajada

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le cló trom iodálach sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le cló trom iodálach sa dá cholún. Léirítear téacs nua le cló trom iodálach sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le cló trom iodálach. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 183

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT), Rialachán (AE) 2018/975 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Limistéar Choinbhinsiún na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO), Rialachán (AE) 2019/833 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe is infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, Rialachán (AE) 2021/56 lena leagtar síos bearta bainistithe, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme maidir le limistéar an Choinbhinsiúin Idir-Mheiriceánaigh um Thuinníní Teochreasacha, Rialachán (AE) 2022/2056 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus bainistíochta is infheidhme i Limistéar an Choinbhinsiúin Iascaigh san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir, Rialachán (AE) 2022/2343 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i Réimse Inniúlachta an Choimisiúin um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC), agus Rialachán (AE) 2023/2053 lena mbunaítear plean bainistíochta ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach thoir agus sa Mheánmhuir
(COM(2025)0195 – C10-0082/2025 – 2025/0106(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chun na Parlaiminte agus chun na Comhairle (COM(2025)0195),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C10-0082/2025),

– ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla ar an mbunús dlí atá beartaithe,

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 16 Iúil 2025[1],

– ag féachaint do Riail 60 agus do Riail 41 dá Rialacha Nós Imeachta

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A10-0000/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an

[1] IO C, C/2025/5154, 28.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/5154/oj .

gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) Ag a chruinnithe bliantúla in 2022 agus 2023, ghlac WCPFC bearta a bhaineann le seirbhísí buncaeireachta agus cosaint siorcanna agus úsáid fodhoruithe, línte titimeáin agus doruithe siorcanna ag soithí spiléireachta an Aontais agus toirmeasc ar choinneáil siorcanna agus dualgas maidir le scaoileadh saor siorcanna, chomh maith le heiseamail siorcanna bána aigéanacha agus síodsiorcanna a ghabhtar go neamhbheartaithe a thabhairt suas nó a aischur.	(16) Ag a chruinnithe bliantúla in 2022***,*** ***2023 agus 2024***, ghlac WCPFC bearta a bhaineann le seirbhísí buncaeireachta agus cosaint siorcanna agus úsáid fodhoruithe, línte titimeáin agus doruithe siorcanna ag soithí spiléireachta an Aontais agus toirmeasc ar choinneáil siorcanna agus dualgas maidir le scaoileadh saor siorcanna, chomh maith le heiseamail siorcanna bána aigéanacha agus síodsiorcanna a ghabhtar go neamhbheartaithe a thabhairt suas nó a aischur.

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Le Rún 24/06 ó IOTC cuireadh chun feidhme toirmeasc ar ábhar muirí a aischur i ndáil le tuinníní mórshúileacha, tuinníní aigéanacha agus tuinníní buí agus speicis nach spriocspeicis iad a ghabhann soithí i dtaifead údarúcháin IOTC a fheidhmíonn i limistéar inniúlachta IOTC: soithí iascaireachta de chuid an Aontais a úsáideann cineálacha trealaimh eile seachas iad siúd a úsáideann soithí peas-saighne, moltar dóibh na héisc uile atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine a	(20) Le Rún 24/06 ó IOTC cuireadh chun feidhme toirmeasc ar ábhar muirí a aischur i ndáil le tuinníní mórshúileacha, tuinníní aigéanacha agus tuinníní buí agus speicis nach spriocspeicis iad a ghabhann soithí i dtaifead údarúcháin IOTC a fheidhmíonn i limistéar inniúlachta IOTC: soithí iascaireachta an Aontais a úsáideann cineálacha trealaimh eile ***seachas*** iad siúd a úsáideann soithí peas-saighne, moltar dóibh na héisc uile atá oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine a choinneáil ar

choinneáil ar bord agus a thabhairt i dtír ansin, na bearta réasúnacha uile a dhéanamh chun a áirithiú go scaoilfear go sábháilte speicis nach spriocspeicis iad a ghabhtar agus iad beo, a mhéid is féidir, agus sábháilteacht an chriú á cur san áireamh; na speicis mharbha uile nach spriocspeicis iad a choinneáil ar bord agus a thabhairt i dtír ansin, seachas na speicis sin a mheastar a bheith mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine nó a bhfuil toirmeasc ar a gcoinneáil.	bord agus a thabhairt i dtír ansin, na bearta réasúnacha uile a dhéanamh chun a áirithiú go scaoilfear go sábháilte speicis nach spriocspeicis iad a ghabhtar agus iad beo, a mhéid is féidir, agus sábháilteacht an chriú á cur san áireamh; ***Spreagtar iad chomh maith*** chun na speicis mharbha uile nach spriocspeicis iad a choinneáil ar bord agus a thabhairt i dtír ansin, seachas na speicis sin a mheastar a bheith mí-oiriúnach lena gcaitheamh ag an duine nó a bhfuil toirmeasc ar a gcoinneáil.
	Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(23a) Ba cheart sonraí pearsanta a phróiseáiltear faoi chuimsiú na Rialachán arna leasú leis an Rialachán seo a láimhseáil i gcomhréir leis na forálacha is infheidhme de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (AE) 2018/1725. Chun comhall na n-oibleagáidí faoi Rialacháin (AE) 2017/2107, (AE) 2018/975, (AE) 2019/833, (AE) 2021/56, (AE) 2022/2056, agus (AE) 2023/2053 arna leasú a áirithiú, ba cheart na sonraí pearsanta a stóráil ar feadh tréimhse 10 mbliana. I gcás ina bhfuil gur gá na sonraí pearsanta atá i gceist i gcás obair leantach ar shárú, ar chigireacht nó ar nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin, ba cheart gur féidir na sonraí sin a stóráil ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana, ach nach faide ná 20 bliain.
	Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 30a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) ***Cuirtear isteach*** Airteagal ***30a***:	(2) ***Cuirtear isteach an*** tAirteagal ***seo a leanas***:
‘Airteagal 30a	‘Airteagal 30a
Míolsiorcanna (Rhincodon typus)	Míolsiorcanna (Rhincodon typus)
1. Beidh ***toirmeasc*** ar ***chonablach*** míolsiorcanna a ghabhtar i gcomhar le hiascaigh ICCAT a ***choinneáil*** ar bord, a ***thrasloingsiú*** nó a ***dtabhairt i dtír***, bíodh siad ina gcodanna nó ina n-iomláine.	1. ***Beidh toirmeasc ar an méid seo a leanas:***
2. Beidh toirmeasc ar pheaslíon saighne a ghléasadh ar scoil tuinníní lena mbaineann míolsiorc tar éis an siorc lena mbaineann a amharc.	***(a) conablach*** míolsiorcanna a ghabhtar i gcomhar le hiascaigh ICCAT a ***choinneáil*** ar bord, a ***thrasloingsiú*** nó a ***dtabhairt i dtír***, bíodh siad ina gcodanna nó ina n-iomláine. (***b)*** peas-saighne a ghléasadh ar scoil tuinníní lena mbaineann míolsiorc tar éis an siorc lena mbaineann a amharc.
3. Ceanglóidh na Ballstáit, i gcás ina ndéanfar míolsiorc a chiorclú go teagmhasach sa pheas-saighean, go ndéanfaidh an máistir na bearta réasúnacha uile chun a áirithiú go scaoilfear saor go sábháilte é.	***2.*** Déanfaidh ***máistrí soithí iascaireachta an Aontais gach beart réasúnach*** chun a áirithiú go scaoilfear saor go sábháilte míolsiorcanna a chiorclaítear go teagmhasach sa pheas-saighean.
4. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na hidirghníomhaíochtaí sin le míolsiorcanna le linn oibríochtaí peas-saighne a thaifeadadh trína gcláir breathnóirí intíre agus go mbaileofar an fhaisnéis seo a leanas:	***3.*** Áiritheoidh na Ballstáit go dtaifeadfaidh a gcláir breathnóirí intíre oibríochtaí ***peas-saighne mar aon le hidirghníomhaíochtaí le míolsiorcanna dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2,*** agus go mbaileofar an fhaisnéis seo a leanas:
(a) mionsonraí faoi na himthosca ba chúis le ciorclú agus a bhaineann le ciorclú;	(a) mionsonraí faoi na himthosca ba chúis le ciorclú agus a bhaineann le ciorclú;
(b) an líon daoine aonair a bhí rannpháirteach le linn na	(b) an líon daoine aonair a bhí rannpháirteach le linn na

hidirghníomhaíochta;	hidirghníomhaíochta;
(c) suíomh na hidirghníomhaíochta;	(c) suíomh ***geografach*** na hidirghníomhaíochta;
(d) na bearta a rinneadh chun a áirithiú gur láimhseáladh agus gur scaoileadh saor go sábháilte na heiseamail a ciorclaíodh sa pheaslíon saighne;	(d) na bearta a rinne ***an soitheach iascaireachta*** chun a áirithiú gur láimhseáladh agus gur scaoileadh saor go sábháilte na heiseamail a ciorclaíodh sa pheas-saighne;
(e) measúnú ar stádas saoil eiseamal míolsiorcanna tráth a scaoilte (beo/marbh/díbheo/éiginnte).	(e) measúnú ar stádas saoil eiseamal míolsiorcanna tráth a scaoilte (beo/marbh/díbheo/éiginnte).
5. Déanfaidh na Ballstáit na sonraí agus an fhaisnéis arna mbailiú faoi mhír 4 a thuairisciú ina dtuarascálacha bliantúla. Maidir le sonraí a bhailítear trí chláir breathnóirí, déanfaidh na Ballstáit iad a thuairisciú don Choimisiún i gcomhréir le ceanglais ICCAT maidir le sonraí a thuairisciú. Tuairisceoidh an Coimisiún na sonraí sin do Rúnaíocht ICCAT.	***4***. Tuairisceoidh na Ballstáit ***na sonraí agus an fhaisnéis arna mbailiú faoi mhír 4 don Choimisiún***, i gcomhréir le ceanglais tuairiscithe sonraí ICCAT ina dtuarascálacha bliantúla. Tuairisceoidh an Coimisiún na sonraí sin do Rúnaíocht ICCAT.
6. Beidh feidhm ag na forálacha i míreanna 1 go 5 go heisiach maidir le soithí iascaireachta a oibríonn idir 40°T agus 40°D.’	***5.*** Beidh feidhm ag na forálacha i míreanna 1 go ***4*** go heisiach maidir le soithí iascaireachta a oibríonn idir 40°T agus 40°D.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 33a – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Soithí iascaireachta de chuid an Aontais arb é 12 mhéadar ar a laghad a bhfad iomlán, ní cheadófar dóibh mácónna biorshrónacha an Atlantaigh Theas a choinneáil ach amháin nuair a bheidh na héisc marbh tráth a thugtar ar bord iad, agus nuair a bheidh breathnóir nó córas faireacháin leictreonaigh (CFL) feidhmiúil ar bord an tsoithigh chun riocht na siorcanna a fhíorú.	6. Soithí iascaireachta an Aontais ***atá cothrom le nó níos mó ná 12 mhéadar*** i bhfad iomlán, ní lamhálfar dóibh mácónna biorshrónacha an Atlantaigh Theas a choimeád ach amháin nuair a bheidh na héisc marbh tráth a thugtar ar bord iad, agus nuair a bheidh breathnóir nó córas faireacháin leictreonaigh (CFL) feidhmiúil ar bord an tsoithigh chun riocht na siorcanna a fhíorú.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 33a – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. I dteannta na gcoinníollacha a luaitear i mír 6, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais ar lú a bhfad iomlán ná 12 mhéadar, ní choinneoidh soitheach níos mó ná eiseamal amháin de mhácó biorshrónach an Atlantaigh Theas le haghaidh aon turais iascaireachta.’	7. I dteannta na gcoinníollacha a luaitear i mír 6, i gcás soithí iascaireachta an Aontais ***atá cothrom le nó níos mó ná 12 mhéadar*** i bhfad iomlán, ní choinneoidh soitheach níos mó ná eiseamal amháin de mhácó biorshrónach an Atlantaigh Theas i gcás aon turais iascaireachta.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 35a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh toirmeasc ar aon pháirt de chonablach nó ar chonablach iomlán de na speicis an roc Alfred (Manta alfredi), roc na caille (Manta birostris), roc an diabhail (Mobula hypostoma), an roc earrspíonach (Mobula japanica), roc an diabhail (Mobula mobular), an diabhalroc Sileach (Mobula tarapacana) nó an roc mínearrach (Mobula thurstoni) a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír nó a stóráil, dá ngairtear roic den chineál Mobulidae anseo feasta agus a ghabhtar i gcomhar le hiascaigh ICCAT.	1. ***Toirmiscfear ar*** aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán de speicis roc sceire (Manta alfredi), roc na caille (Manta birostris), roc an diabhail (Mobula hypostoma), an roc earrspíonach (Mobula japanica), roc an diabhail (Mobula mobular), an diabhalroc Sileach (Mobula tarapacana) nó an roc mínearrach (Mobula thurstoni) ***a choinneáil*** ar bord, ***a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír nó a stóráil***, dá ngairtear roic den chineál Mobulidae anseo feasta agus a ghabhtar i gcomhar le hiascaigh ICCAT.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 35a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Trína gcláir breathnóirí intíre, déanfaidh na Ballstáit an líon iasc a aischuirtear agus a scaoiltear saor maidir le roic den chineál Mobulidae a ghabhtar in iascaigh ICCAT agus, i gcás inar féidir, léiriú ar stádas (marbh nó beo) a thaifeadadh. Tuairisceoidh na Ballstáit iad don Choimisiún. Tuairisceoidh an Coimisiún na sonraí sin do Rúnaíocht ICCAT.	3. Trína gcláir breathnóirí intíre, ***cinnteoidh*** na Ballstáit ***go dtaifeadfar*** an líon roc mobulid a ghabhtar in iascaigh ICCAT agus, i gcás inar féidir, léiriú ar a stádas (marbh nó beo) a aischuirtear agus a scaoiltear saor. Tuairisceoidh na Ballstáit iad don Choimisiún. Tuairisceoidh an Coimisiún na sonraí sin do Rúnaíocht ICCAT.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 35a – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás roic den chineál Mobulidae a ghabhtar go neamhbheartaithe agus a reoitear mar chuid d'oibríocht soithigh peas-saighne, tabharfaidh soithí gabhála de chuid an Aontais an roc den chineál Mobulidae ina iomláine suas do na húdaráis rialtais atá freagrach, nó d'údarás inniúil eile, nó déanfaidh siad iad a dhiúscairt ag an bpointe tabhairt i dtír. Maidir le roic den chineál Mobulidae a thugtar suas ar an mbealach sin, ní fhéadfar iad a dhíol ná a mhalartú ach féadfar iad a bhronnadh lena gcaitheamh ag an duine sa bhaile.	4. I gcás roic mobulid a ghabhtar go neamhbheartaithe agus a reoitear mar chuid d'oibríocht soithigh peas-saighne, tabharfaidh soithí gabhála an Aontais an roc mobulid ina iomláine suas do na ***húdaráis*** inniúla, nó diúscróidh siad iad ag an bpointe tabhairt i dtír. Maidir le roic mobulid a thugtar suas ar an mbealach sin, ní fhéadfar iad a dhíol ná a mhalartú ach féadfar iad a bhronnadh lena gcaitheamh ag an duine sa bhaile.

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 41 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. San Atlantach Theas:	7. San Atlantach Theas:
ní bheidh feidhm ag míreanna 2a, 4 ná 5 maidir le soithí nach n-oibríonn ach ó thuaidh ó dhomhanleithead 55°T nó ó dheas ó dhomhanleithead 35°D san Atlantach Thoir Theas agus ó dheas ó dhomhanleithead 40°D san Atlantach Thiar Theas.	***(a)*** ní bheidh feidhm ag míreanna 2a, 4 ná 5 maidir le soithí nach n-oibríonn ach ó thuaidh ó dhomhanleithead 55°T nó ó dheas ó dhomhanleithead 35°D san Atlantach Thoir Theas agus ó dheas ó dhomhanleithead 40°D san Atlantach Thiar Theas***;***
Is é 20°I an teorainn don deighilt idir an tAtlantach Thoir Theas agus an tAtlantach Thiar Theas.	(b) Is é 20°I an teorainn don deighilt idir an tAtlantach Thoir Theas agus an tAtlantach Thiar Theas.

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 66a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Nuair a gheofar amharc ar shoitheach de bhun mhír 1, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann nó an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) (‘an t-eintiteas amhairc’) na torthaí a thaifeadadh agus tuarascáil a tharchur gan mhoill, trí mheán leictreonach más féidir, chuig údaráis iomchuí Bhallstát brataí nó CPC brataí nó páirtí comhoibritheach neamhchonarthach brataí an tsoithigh a amharcadh, agus cuirfidh siad cóip di chuig rúnaíocht ICCAT, chuig an gCoimisiún agus chuig EFCA. Más rud é go bhfuil an soitheach a bhfuarthas amharc uirthi faoi bhratach Bhallstáit, déanfaidh an Ballstát brataí, gan moill mhíchuí, gníomhaíocht iomchuí i ndáil leis	3. Nuair a gheofar amharc ar shoitheach de bhun mhír 1, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann nó an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA) (‘an t-eintiteas amhairc’) na torthaí a thaifeadadh agus tuarascáil a tharchur gan mhoill, trí mheán leictreonach más féidir, chuig údaráis iomchuí Bhallstát brataí nó CPC brataí nó páirtí comhoibritheach neamhchonarthach brataí an tsoithigh a amharcadh, agus cuirfidh siad cóip di chuig rúnaíocht ICCAT, chuig an gCoimisiún agus, ***nuair is iomchuí,*** EFCA. Má tá an soitheach a fheictear faoi bhratach Ballstáit, déanfaidh an Ballstát brataí, gan mhoill mhíchuí, gníomh iomchuí maidir leis an soitheach lena

an soitheach lena mbaineann; soláthróidh an t-eintiteas amhairc agus Ballstát brataí an tsoithigh a bhfuarthas amharc uirthi, araon faisnéis faoin amharc don Choimisiún agus do EFCA, lena n-áirítear sonraí i dtaca le haon ghníomhaíocht leantach a dhéanfar.

mbaineann; soláthróidh an t-eintiteas amhairc agus Ballstát brataí an tsoithigh a bhfuarthas amharc uirthi, araon faisnéis faoin amharc don Choimisiún agus, ***nuair is iomchuí,*** do EFCA, lena n-áirítear sonraí i dtaca le haon ghníomhaíocht leantach a dhéanfar.

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 6 a (nua)
Rialachán (AE) 2017/2107
Airteagal 72

An téacs atá ann	*Leasú*
	(6a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 72:
Airteagal 72	‘Airteagal 72
Rúndacht	Rúndacht ***agus cosaint sonraí***
Caithfear leis na sonraí a bhaileofar agus a mhalartófar faoi chuimsiú an Rialacháin seo i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le rúndacht de bhun Airteagail 112 agus 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.	1. Caithfear leis na sonraí a bhaileofar agus a mhalartófar faoi chuimsiú an Rialacháin seo i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le rúndacht de bhun Airteagail 112 agus 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.
	2. Beidh aon bhailiú, aistriú, stóráil nó próiseáil eile sonraí de bhun an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679* agus (AE) 2018/1725** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
	3. Ní stórálfar sonraí pearsanta a phróiseálfar faoin Rialachán seo ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana, ach amháin má tá gá leis na sonraí pearsanta sin chun gur féidir obair leantach a dhéanamh maidir le sárú, cigireacht, nó nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin. Sna cásanna sin, féadfar sonraí pearsanta a stóráil ar feadh 20 bliain uasta. Má dhéantar sonraí pearsanta a choinneáil ar feadh tréimhse

níos faide, déanfar iad a anaithnidiú.

****Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).***

*****Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht na sonraí sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).***

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe a
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 4 – pointe 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (7) '***iascaireacht ghrinnill***':	(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (7):
(7) ciallaíonn 'iascaireacht ghrinnill' iascaireacht a dhéantar le haon chineál trealaimh ar dócha go dtiocfaidh sé i dteagmháil le grinneall na farraige nó le horgánaigh bheantacha le linn gnáthchúrsa oibríochtaí lena n-áirítear trál grinnill, trál meánuisce agus líne ghrinnill;	(7) ciallaíonn 'iascaireacht ghrinnill' iascaireacht a dhéantar le haon chineál trealaimh ar dócha go dtiocfaidh sé i dteagmháil le grinneall na farraige nó le horgánaigh bheantacha le linn gnáthchúrsa oibríochtaí lena n-áirítear ***trálaeireacht*** grinnill, ***trálaeireacht*** meánuisce agus ***iascaireacht*** líne ghrinnill;

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe b
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 4, pointí 7a, 7b agus 7c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) (7a) ciallaíonn 'trál grinnill' iascaireacht a dhéanamh le trál atá deartha lena tharraingt tríd an uisce agus lena theacht i dteagmháil le grinneall na farraige;	(7a) ciallaíonn '***trálaeireacht*** grinnill' iascaireacht a dhéanamh le trál atá deartha lena tharraingt tríd an uisce agus lena theacht i dteagmháil le grinneall na farraige;
(b) (7b) ciallaíonn 'trál meánuisce' iascaireacht a dhéanamh ar speicis bheantaipeiligeacha trí úsáid a bhaint as trál atá deartha lena tharraingt tríd an uisce gar do ghrinneall na farraige agus atá deartha gan teagmháil leathnaithe a dhéanamh le grinneall na farraige;	(7b) ciallaíonn '***trálaeireacht*** meánuisce' iascaireacht a dhéanamh ar speicis bheantaipeiligeacha trí úsáid a bhaint as trál atá deartha lena tharraingt tríd an uisce gar do ghrinneall na farraige agus atá deartha gan teagmháil leathnaithe a dhéanamh le grinneall na farraige;
(c) (7c) ciallaíonn 'líne ghrinnill' iascaireacht a dhéanamh trí úsáid a bhaint as dorú a bhfuil duán nó duáin (bíodh siad baoiteáilte nó ná bíodh) ceangailte de agus rigeáilte chun dul faoi uisce agus iascaireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige nó gar dó, lena n-áirítear spiléir, doruithe láimhe, doruithe titime, doruithe tarraingthe agus doruithe dahn, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin;	(7c) ciallaíonn '***iascaireacht*** líne ghrinnill' iascaireacht a dhéanamh trí úsáid a bhaint as dorú a bhfuil duán nó duáin (bíodh siad baoiteáilte nó ná bíodh) ceangailte de agus rigeáilte chun dul faoi uisce agus iascaireacht a dhéanamh ar ghrinneall na farraige nó gar dó, lena n-áirítear spiléir, doruithe láimhe, doruithe titime, doruithe tarraingthe agus doruithe dahn, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin;

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe c
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 4 – pointe 11 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) nach raibh faoi réir iascaireachta sna 10 mbliana roimhe sin i gcás ina raibh an iascaireacht sin teoranta d'iascaigh spriocdhírithe arna n-údarú ag Coimisiún	(a) nach raibh faoi réir iascaireachta sna 10 mbliana roimhe sin ***agus*** i gcás ina raibh an iascaireacht sin teoranta d'iascaigh spriocdhírithe arna n-údarú ag Coimisiún

SPRFMO ar bhonn comhairle ó Choiste Eolaíoch SPRFMO, agus gur sainíodh an spriocspeiceas mar an céatadán is mó de réir meáchan glas den ghabháil iomlán in aon dol, tarraingt nó cur ar leith; or	SPRFMO ar bhonn comhairle ó Choiste Eolaíoch SPRFMO, agus gur sainíodh an spriocspeiceas mar an céatadán is mó de réir meáchan glas den ghabháil iomlán in aon dol, tarraingt nó cur ar leith; or
	Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe c
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 4 – pointe 11 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) chun iascaireacht a dhéanamh le cineál áirithe trealaimh nó le teicníc áirithe, nach raibh faoi réir iascaireacht leis an gcineál áirithe trealaimh sin nó an teicníc áirithe sin sna 10 mbliana roimhe sin i gcás ina raibh an iascaireacht sin teoranta d'iascaigh spriocdhírithe arna n-údarú ag Coimisiún SPRFMO ar bhonn comhairle ó Choiste Eolaíoch SPRFMO, agus gur sainíodh an spriocspeiceas mar an céatadán is mó de réir meáchan glas den ghabháil iomlán in aon dol, tarraingt nó cur ar leith; or	(b) chun iascaireacht a dhéanamh le cineál áirithe trealaimh nó le teicníc áirithe, nach raibh faoi réir iascaireacht leis an gcineál áirithe trealaimh sin nó an teicníc áirithe sin sna 10 mbliana roimhe sin ***agus*** i gcás ina raibh an iascaireacht sin teoranta d'iascaigh spriocdhírithe arna n-údarú ag Coimisiún SPRFMO ar bhonn comhairle ó Choiste Eolaíoch SPRFMO, agus gur sainíodh an spriocspeiceas mar an céatadán is mó de réir meáchan glas den ghabháil iomlán in aon dol, tarraingt nó cur ar leith; or
	Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 1 – pointe c
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 4 – pointe 11 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ina ndéantar gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12, mír 2; or	(d) ina ndéantar gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar ***síos*** in Airteagal 12, mír 2; or
	Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 4 – pointe 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) ciallaíonn ‘clár SPRFMO de shoithí cigireachta údaraithe agus d’údaráis an tsoithigh cigireachta’ an liosta de shoithí cigireachta agus d’údaráis atá údaraithe le bordáil agus cigireacht a dhéanamh i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, mar atá fógartha ag na Páirtithe Conarthacha agus na PCNanna, ar liosta é a choinníonn Rúnaíocht SPRFMO ar bun;	(20) ciallaíonn ‘clár SPRFMO de shoithí cigireachta údaraithe agus d’údaráis an tsoithigh cigireachta’ an liosta de shoithí cigireachta agus d’údaráis atá údaraithe le bordáil agus cigireacht a dhéanamh i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, mar atá fógartha ***ag na Ballstáit, ag an gCoimisiún, EFCA***, na Páirtithe Conarthacha agus PCNanna, ar liosta é a choinníonn Rúnaíocht SPRFMO ar bun;

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 4 – pointe 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) ciallaíonn ‘údaráis an tsoithigh cigireachta’ údaráis Pháirtí Conarthach SPRFMO ar faoina bhratach atá an soitheach cigireachta;	(21) ciallaíonn ‘údaráis an tsoithigh cigireachta’ údaráis Pháirtí Conarthach SPRFMO ***nó an Ballstát*** ar faoina bhratach atá an soitheach cigireachta;

Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 4 – pointe 25

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(25) ciallaíonn ‘trealamh iascaireachta caillte’ trealamh iascaireachta ar chaill an	(25) ciallaíonn ‘trealamh iascaireachta caillte’ trealamh iascaireachta ar chaill an

soitheach smacht air de thaisme agus nach féidir a aimsiú agus/nó a aisghabháil;	soitheach smacht air de thaisme agus nach féidir a aimsiú agus/nó a aisghabháil;
	Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 1 – pointe d
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 4 – pointe 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) ciallaíonn ‘trealamh iascaireachta tréigthe’ trealamh iascaireachta a scaoiltear saor ar muir gan aon iarracht ar an soitheach é a rialú a thuilleadh ná é a athshlánú; and	(26) ciallaíonn ‘trealamh iascaireachta tréigthe’ trealamh iascaireachta a scaoiltear saor ar muir gan aon iarracht ar an soitheach ***é a rialú ná é a athshlánú***; and
	Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe a
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 7 – mír 1c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1c. Maidir leis an gcéad tuarascáil 15 lá a bheidh le cur isteach, tuairisceoidh na Ballstáit a ngabhálacha don Choimisiún laistigh de 15 lá ó dheireadh na chéad tréimhse. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SPRFMO laistigh de 20 lá ó dheireadh na tréimhse sin. Ina dhiaidh sin, déanfaidh na Ballstáit a ngabhálacha a thuairisciú don Choimisiún laistigh de 5 lá ó dheireadh gach tréimhse. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SPRFMO laistigh de 10 lá ó dheireadh gach tréimhse.	1c. I gcás na chéad tuarascála 15 lá a bheidh le cur isteach, tuairisceoidh na Ballstáit a ngabhálacha don Choimisiún laistigh de 15 lá ó dheireadh na chéad tréimhse. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chun Rúnaíocht SPRFMO laistigh de 20 lá ó dheireadh na tréimhse sin. ***I gcás na dtréimhsí 15 lá dá éis sin, déanfaidh*** na Ballstáit a ngabhálacha a thuairisciú don Choimisiún laistigh de 5 lá ó dheireadh gach tréimhse. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chun Rúnaíocht SPRFMO laistigh de 10 lá ó dheireadh gach tréimhse.
	Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 12 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ní dhéanfar iascaireacht ghrinnill ach amháin i limistéar bainistíochta tráil grinnill;	(a) ní ***fhéadfar trálaireacht*** ghrinnill ***a dhéanamh*** ach amháin i limistéar bainistíochta ***trálaireachta*** grinnill;

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 12 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ní dhéanfar trálaireacht mheánuisce ach amháin i limistéar bainistíochta tráil meánuisce nó i limistéar bainistíochta tráil grinnill; agus	(b) ***ní fhéadfar*** trálaireacht mheánuisce ***a dhéanamh ach amháin*** i limistéar bainistíochta ***trálaireachta*** meánuisce nó i limistéar bainistíochta ***trálaireachta*** grinnill; agus

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 12 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ní dhéanfar an líneáil ghrinnill ach amháin i limistéar bainistíochta.	(c) ní ***fhéadfar iascaireacht*** dorú ghrinnill ach amháin i limistéar bainistíochta ***iascaireachta dorú*** grinnill.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Aireagal 12 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) laistigh de limistéar bainistíochta ina n-úsáidtear modhanna iascaireachta grinnill seachas iascaireacht tráil grinnill, tráil meánuisce nó líne grinnill; or	(b) laistigh de limistéar bainistíochta ina n-úsáidtear modhanna iascaireachta grinnill seachas ***trálaeireacht*** grinnill, ***trálaeireacht*** meánuisce nó ***iascaireacht*** líne grinnill; or

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 12 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) laistigh de limistéar bainistíochta ina ndírítear ar speicis nár spriocdhíríodh orthu roimhe sin sa limistéar a bhfuil sé beartaithe é a iascach ach amháin más rud é gur gabhadh an speiceas go rialta mar chuid d'iascach atá ann cheana.	(d) laistigh de limistéar bainistíochta ***nár spriocdhíríodh ar an*** speiceas ***a bhí*** mar sprioc roimhe sin sa limistéar ***ina bhfuil na gníomhaíochtaí iascaireachta le tarlú*** murar gabhadh an speiceas go rialta mar chuid d'iascach láithreach.

Or. en

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 13 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na measúnuithe tionchair dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt cothrom le dáta gach 3 bliana ar a laghad agus nuair a tharlaíonn athrú mór san iascach ar dócha go	5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar na measúnuithe tionchair dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt cothrom le dáta gach 3 bliana ar a laghad**.** Nuair a tharlaíonn athrú mór san iascach ar dócha go ndéanfaidh sé

ndéanfaidh sé difear do leibhéal riosca nó tionchair na hiascaireachta agus tarchuirfidh siad an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún a luaithe a bheidh sí ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO.	difear do leibhéal riosca nó tionchair na hiascaireachta agus tarchuirfidh ***na Ballstáit*** an fhaisnéis sin chun an Choimisiúin a luaithe a bheidh sí ar fáil. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh chun Rúnaíocht SPRFMO.
	Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás ina dtiocfar ar thacsóin tháscacha ÉML, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn XVI iad, in aon tarraingt amháin ag na tairseacha meáchain in Iarscríbhinn XVII nó os a gcionn, nó trí thacsón tháscacha ÉML éagsúla nó níos mó ag na tairseacha meáchain in Iarscríbhinn XVIII nó os a gcionn, ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach scor den iascaireacht ghrinnill láithreach laistigh de limistéar teagmhála 1 mhuirmhíle ar gach taobh den rian tráil arna shíneadh 1 mhuirmhíle ag gach foirceann.	1. I gcás ina dtiocfar ar thacsóin tháscacha ÉML, mar a ***leagtar amach*** in Iarscríbhinn XVI iad, in aon tarraingt amháin ag na tairseacha meáchain in Iarscríbhinn XVII nó os a gcionn, nó trí thacsón tháscacha ÉML éagsúla nó níos mó ag na tairseacha meáchain in Iarscríbhinn XVIII nó os a gcionn, ***scoirfidh*** soithí iascaireachta den iascaireacht ghrinnill láithreach laistigh de limistéar teagmhála 1 mhuirmhíle ar gach taobh den rian tráil arna shíneadh 1 mhuirmhíle ag gach foirceann.
	Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tuairisceoidh na Ballstáit teagmhálacha le ÉMLanna don Choimisiún ar bhonn na dtreoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn IV lena n-áirítear cur síos	2. Tuairisceoidh ***soithí iascaireachta*** teagmhálacha le ÉMLanna don ***Bhallstát brataí*** ar bhonn na dtreoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn IV cur síos

mionsonraithe ar an teagmháil, comparáid idir an teagmháil agus tuar na samhla atá ann cheana, agus gníomhaíochtaí bainistíochta molta chun drochthionchair shuntasacha ar ÉMLanna a chosc, chun a fhíorú an dócha go mbeidh ÉML i láthair sa limistéar teagmhála agus/nó sa limistéar máguaird, ar tharla drochthionchar nach beag, agus an riosca go dtarlódh drochthionchar nach beag amach anseo. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO gan mhoill.

mionsonraithe ar an teagmháil san áireamh. ***Déanfaidh an Ballstát brataí*** comparáid idir an teagmháil agus tuar na samhla láithrí, agus gníomhaíochtaí bainistíochta molta chun drochthionchair shuntasacha ar ÉMLanna a chosc, chun a fhíorú an dócha go mbeidh ÉML i láthair sa limistéar teagmhála agus/nó sa limistéar máguaird, ar tharla drochthionchar nach beag, agus an riosca go dtarlódh drochthionchar nach beag amach anseo. ***Tarchuirfidh an Ballstát na tuarascálacha sin chun*** an Choimisiúin gan mhoill.

Or. en

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 14 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi aon teagmháil ÉML arna fógairt ag Comhaltaí SPRFMO agus PCNanna eile do Rúnaíocht SPRFMO.	3. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoi aon teagmháil ÉML arna fógairt ag ***Ballstáit, Páirtithe Conarthacha SPRFMO nó*** PCNanna eile do Rúnaíocht SPRFMO.

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 14 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh soithí iascaireachta atá faoina mbratach iascaireacht ghrinnill i limistéir a dhéanann teagmháil le ÉML, ar limistéir iad ar tugadh fógra ina leith faoi mhíreanna 2 agus 3 mura rud é go gcinnfidh, agus go dtí go gcinnfidh, Coimisiún SPRFMO	4. ***Tarchuirfidh*** na Ballstáit ***an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3*** chun na soithí iascaireachta atá faoina mbratach agus atá ***údaraithe chun oibriú i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO***. ***Tá cosc ar shoithí iascaireachta gníomhaíochtaí***

gníomhaíochtaí bainistíochta a cheadódh atosú gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill sa limistéar.	***iascaireachta grinnill*** a dhéanamh i limistéir teagmhála ÉML ar tugadh fógra ina leith faoi mhíreanna 2 agus 3 mura gcinnfidh Coimisiún SPRFMO gníomhaíochtaí bainistíochta a cheadódh atosú gníomhaíochtaí iascaireachta grinnill sa limistéar.
	Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach a bhíonn ag gabháil d'iascaireacht ghrinnill na híosleibhéil maidir le clúdach breathnóra eolaíoch a leagtar amach in Iarscríbhinn XIX a chur chun feidhme.	***Ceanglófar ar*** shoithí iascaireachta a ghabhann d'iascaireacht ghrinnill na híosleibhéil cumhdaigh breathnóra eolaíoch a leagtar amach in Iarscríbhinn XIX a bheith acu.
	Or. en

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 16 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Faoin 15ú lá de gach mí, déanfaidh na Ballstáit na gabhálacha speiceas iascaireachta grinnill ón mí roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.	1. Faoin 15ú lá de gach mí, déanfaidh na Ballstáit na gabhálacha speiceas iascaireachta grinnill ón mí roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún***, nó don chomhlacht arna ainmniú aige,*** i gcomhréir le hAirteagal 33 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.
	Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Toirmeascfaidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta atá faoina a mbratach páirt a ghlacadh in iascaireacht ghrinnill más rud é nach soláthraítear na sonraí riachtanacha íosta maidir le céannacht soithigh iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V.	2. ***Toirmeascfar*** ar shoithí iascaireachta páirt a ghlacadh i ***ngníomhaíochtaí*** iascaireacht ghrinnill mura soláthraítear na sonraí riachtanacha íosta maidir le céannacht soithigh iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn V.

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 17 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu údarú a thabhairt do shoitheach iascaireachta faoina mbratach iascaireacht a dhéanamh in iascach taiscéalaíoch, cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin na doiciméid riachtanacha a leagtar amach san fhoráil seo:	1. Na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu údarú a thabhairt do shoitheach iascaireachta faoina mbratach iascaireacht a dhéanamh in iascach taiscéalaíoch, cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin na doiciméid ***seo a leanas***:

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 17 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) tráth nach déanaí ná 130 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO,	(a) tráth nach déanaí ná 130 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO,

tuairisc ghonta ar an bPlean Oibríochta Iascaigh atá beartaithe acu chun críoch faisnéise, agus an teimpléad á úsáid chun tuairisc ghonta a thabhairt ar an bPlean Oibríochta Iascaigh[15]. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná 120 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO.

[15] Ar fáil anseo: https://www.sprfmo.***int/science/***

tuairisc ghonta ar an bPlean Oibríochta Iascaigh atá beartaithe acu chun críoch faisnéise, agus an teimpléad á úsáid chun tuairisc ghonta a thabhairt ar an bPlean Oibríochta Iascaigh[15]. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chun Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná 120 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO.

[15] Ar fáil anseo: https://www.sprfmo.***int/fisheries/conservation-and-management-measures/cmm-13-exploratory-fisheries/fisheries-operation-plans***

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 17 – mír 1 – pointe b – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cóip den doiciméadacht seo a leanas tráth nach déanaí ná 80 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO:	(b) cóip den doiciméadacht seo a leanas tráth nach déanaí ná 80 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch SPRFMO:

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 17 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh an Coimisiún an iarraidh a chur ar aghaidh chuig Coimisiún SPRFMO, agus an Plean Oibríochta Iascaigh a chur ar aghaidh chuig Coiste Eolaíoch SPRFMO, tráth nach déanaí ná 60 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch	2. Déanfaidh an Coimisiún an iarraidh a chur ar aghaidh chun Coimisiún SPRFMO, agus an Plean Oibríochta Iascaigh a chur ar aghaidh chun Coiste Eolaíoch SPRFMO, tráth nach déanaí ná 60 lá roimh chruinniú Choiste Eolaíoch

SPRFMO.	SPRFMO.
	Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 17 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh SPRFMO maidir leis an údarú le hiascaireacht a dhéanamh in iascach taiscéalaíoch a chur in iúl do na Ballstáit.	3. Déanfaidh an Coimisiún cinneadh SPRFMO maidir leis an údarú chun iascaireacht a dhéanamh in ***iascach*** taiscéalaíoch a chur in iúl don Bhallstát lena mbaineann. ***Eiseoidh an Ballstát an t-údarú don soitheach iascaireachta a bhfuil a bhratach ar foluain aige iascaireacht a dhéanamh in iascach taiscéalaíoch i gcomhréir leis an bPlean Oibríochta Iascaigh a glacadh***.
	Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 21 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Na Ballstáit a mbeartaíonn a soithí Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO a thrasnú le heangacha geolbhaigh ar bord, déanfaidh siad:	***1.*** Déanfaidh soithí iascaireachta a bheartóidh Limistéar Choinbhinsiúin SPRFMO a thrasnú le heangacha geolbhaigh ar bord:
	Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 21 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) réamhfhógra 72 uair an chloig ar a laghad a thabhairt do Rúnaíocht SPRFMO agus don Choimisiún roimh don soitheach dul isteach i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, lena n-áirítear na dátaí iontrála agus imeachta a mheastar a bheidh i gceist agus fad na heangaí geolbhaigh atá á hiompar ar bord;	(a) réamhfhógra 72 uair an chloig ar a laghad a thabhairt don ***Bhallstát brataí, lena n-áirítear suíomh ionchasach, dátaí agus amanna dul isteach agus imeachta chomh maith le fad na heangaí geolbhaigh atá á hiompar ar bord***. ***Cuirfidh an Ballstát in iúl gan mhoill do*** Rúnaíocht SPRFMO agus don Coimisiún, ***nó don chomhlacht arna ainmniú aige***, sula rachaidh an soitheach isteach i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 21 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) a áirithiú go n-oibreoidh na soithí faoina mbratach tuairisc ar VMS ar a laghad uair amháin gach uair an chloig fad agus atá siad i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;	(b) ***VMS oibríochtúil*** a áirithiú**,** ***agus tuairisciú*** ar a laghad uair amháin gach uair an chloig fad agus atá siad i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 21 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) tuairiscí ar shuíomh VMS a chur faoi bhráid a LFI go huathoibríoch agus iad ar idirthuras trí Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;	***scriosta***

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 21 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) an dáta, an t-am, an suíomh agus fad (i méadair) na n-eangach geolbhaigh a cailleadh de thaisme nó a tréigteadh a thuairisciú don Bhallstát brataí a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis an trealamh a chailleadh nó a thréigean; tarchuirfidh an Ballstát brataí an fhaisnéis chun Rúnaíocht SPRFMO, chun an Choimisiúin, nó chun an chomhlachta arna ainmniú aige, gan mhoill.

Or. en

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 21 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) a áirithiú go ndéanfaidh a LFI tuairiscí VMS dá dtagraítear i mír (b) a chur ar aghaidh go huathoibríoch chuig Rúnaíocht SPRFMO uair amháin gach uair an chloig ar a laghad; agus	***scriosta***

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 21 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) má chailltear eangacha geolbhaigh de thaisme nó má thréigtear thar bord iad, an dáta, an t-am, an suíomh agus fad (méadair) na n-eangach geolbhaigh a cailleadh a thuairisciú do Rúnaíocht SPRFMO agus don Choimisiún a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de 48 n-uair an chloig tar éis an trealamh a chailleadh nó a thréigean.	***scriosta***

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 21 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Áiritheoidh Ballstáit na soithí iascaireachta a bhfuil a mbratach ar foluain acu agus atá ar idirthuras i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO agus a bhfuil eangacha geolbhaigh ar bord acu, go gcuirfidh a LFI na tuarascálacha VMS dá dtagraítear i mír 1, pointe (b), ar aghaidh go huathoibríoch chun Rúnaíocht SPRFMO uair amháin gach uair an chloig ar a laghad.

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 7 – pointe c
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 23 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Ní oibreoidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais mar shoitheach iascaireachta díluchtaithe agus soitheach	5. ***Toirmeascfar ar*** shoithí iascaireachta an Aontais ***oibriú*** mar shoitheach iascaireachta díluchtaithe agus

iascaireachta glactha araon le linn an turais chéanna, ach amháin i gcás teagmhas force majeure nach bhfuil neart ag an soitheach air, lena n-áirítear cliseadh tromchúiseach meicniúil nó teagmhais eile a chuireann sábháilteacht an chriú i mbaol nó a mbíonn caillteanas suntasach airgeadais mar thoradh air trí throchlú éisc. Sna cásanna sin, tabharfaidh an Ballstát brataí fógra do Rúnaíocht SPRFMO agus don Choimisiún faoin trasloingsiú agus faoi na himthosca is cúis leis an force majeure laistigh de 1 lá oibre tar éis an trasloingsiú a bheith curtha i gcrích.	soitheach iascaireachta glactha araon le linn an turais chéanna, ach amháin i gcás teagmhas force majeure nach bhfuil neart ag an soitheach air***. Áireofar le teagmhas force majeure*** cliseadh tromchúiseach meicniúil nó teagmhais eile a chuireann sábháilteacht an chriú i mbaol nó a mbíonn caillteanas suntasach airgeadais mar thoradh air trí throchlú éisc. Sna cásanna sin, tabharfaidh na ***soithí iascaireachta*** fógra don ***Bhallstát brataí*** faoin ***trasloingsiú*** agus na himthosca is cúis leis an force majeure laistigh de 1 lá oibre tar éis an trasloingsiú a bheith curtha i gcrích. ***Tarchuirfidh na Ballstáit brataí an fhaisnéis uile láithreach chun Rúnaíocht SPRFMO agus chun an Choimisiúin, nó chun an chomhlachta arna ainmniú aige.***
	Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 7 – pointe c
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 23 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Faoin 20 Eanáir gach bliain, déanfaidh na Ballstáit an liosta de na soithí iascaireachta atá faoina mbratach agus a rinne iascaireacht ghníomhach nó a bhí ag gabháil do thrasloingsiú le haghaidh speiceas seachas an bolmán gorm i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO sa bhliain roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SPRFMO faoin 30 Eanáir gach bliain.	6. Faoin ***15*** Eanáir gach bliain, déanfaidh na Ballstáit an liosta de na soithí iascaireachta atá faoina mbratach agus a rinne iascaireacht ghníomhach nó a bhí ag gabháil do thrasloingsiú le haghaidh speiceas seachas an bolmán gorm i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO sa bhliain roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chun Rúnaíocht SPRFMO faoin 30 Eanáir gach bliain.
	Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8

Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 24 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás trasloingsiú acmhainní iascaigh arna ngabháil i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta glactha de chuid an Aontais réamhfhógra trasloingsithe SPRFMO a tharchur an tráth céanna chuig an gCoimisiún agus chuig Rúnaíocht SPRFMO 36 uair an chloig ar a laghad roimh am tosaithe measta an trasloingsithe sin i gcomhréir le hIarscríbhinn VII. ***Ceanglaítear fógra den sórt sin a thabhairt gan beann ar an áit inar tharla an trasloingsiú.***	1. I gcás trasloingsiú acmhainní iascaigh arna ngabháil i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO, déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta glactha réamhfhógra trasloingsithe SPRFMO a tharchur an tráth céanna chun an Choimisiúin***, nó chun an chomhlachta arna ainmniú aige***, agus chun Rúnaíocht SPRFMO 36 uair an chloig ar a laghad roimh am tosaithe measta an trasloingsithe sin i gcomhréir le hIarscríbhinn VII.

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 24 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Mura dtosóidh an trasloingsiú dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 72 uair an chloig ó am tosaithe measta an trasloingsithe arna fhógairt nó laistigh de 50 muirmhíle ón suíomh measta ar tugadh fógra ina leith san réamhfhógra trasloingsithe, déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta glactha de chuid an Aontais fógra faoi réamhfhógra trasloingsithe modhnaithe SPRFMO a thabhairt don Choimisiún agus do Rúnaíocht SPRFMO an tráth céanna i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a luaithe is féidir.	2. Mura dtosóidh an trasloingsiú dá dtagraítear i mír 1 laistigh de 72 uair an chloig ó am tosaithe measta an trasloingsithe arna fhógairt nó laistigh de 50 muirmhíle ón suíomh measta ar tugadh fógra ina leith san réamhfhógra trasloingsithe, déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta glactha fógra faoi réamhfhógra trasloingsithe modhnaithe SPRFMO a thabhairt don Choimisiún***, nó don chomhlacht arna ainmniú aige***, agus do Rúnaíocht SPRFMO an tráth céanna i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a luaithe is féidir***, agus tráth nach déanaí ná 24 uair an chloig ó am tosaithe iarbhír an trasloingsithe***.

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 24 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Mura dtarlaíonn trasloingsiú ar tugadh fógra ina leith, déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta glactha de chuid an Aontais, an tráth céanna, fógra a thabhairt don Choimisiún agus do Rúnaíocht SPRFMO a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis am fógartha an trasloingsithe.	3. Mura dtarlaíonn trasloingsiú ar tugadh fógra ina leith, déanfaidh Ballstát brataí an tsoithigh iascaireachta glactha, an tráth céanna, fógra a thabhairt don Choimisiún***, nó don chomhlacht arna ainmniú aige***, agus do Rúnaíocht SPRFMO a luaithe is féidir ach tráth nach déanaí ná 5 lá oibre tar éis am fógartha an trasloingsithe.

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 9
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 24a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Má dhéanann soitheach iascaireachta glactha de chuid an Aontais níos mó ná trasloingsiú amháin, ceanglóidh an Ballstát brataí uirthi an ghabháil ó gach trasloingsiú a stóráil ar leithligh ionas go mbeidh sí inaitheanta go héasca. Beidh plean stuála ar fáil ar bord an tsoithigh iascaireachta glactha de chuid an Aontais lena ndéanfar foráil maidir leis an ngabháil sin a scaradh ó shoithí iascaireachta díluchtaithe éagsúla.	Má dhéanann soitheach iascaireachta glactha de chuid an Aontais níos mó ná trasloingsiú amháin, ***stórálfaidh sé*** an ghabháil ó gach trasloingsiú ar leithligh ionas go mbeidh sí inaitheanta go héasca. Beidh plean stuála ar fáil ar bord shoitheach iascaireachta glactha an Aontais lena ndéanfar foráil maidir leis an ngabháil sin a scaradh ó shoithí iascaireachta díluchtaithe éagsúla.

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 10
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 25 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Déanfaidh an Ballstát ar faoina bhratach atá an soitheach iascaireachta glactha de chuid an Aontais na sonraí breathnóra ar bhileog loga trasloingsithe bhreathnóir SPRFMO a chur faoi bhráid an Choimisiúin go leictreonach tráth nach déanaí ná 25 lá ó dhíbhordáil an bhreathnóra. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh go leictreonach chuig Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná 30 lá ó dhíbhordáil an bhreathnóra.	6. Déanfaidh an Ballstát ar faoina bhratach atá an soitheach iascaireachta glactha de chuid an Aontais na sonraí breathnóra ar bhileog loga trasloingsithe bhreathnóir SPRFMO a chur faoi bhráid an Choimisiúin***, nó an chomhlachta arna ainmniú aige,*** go leictreonach tráth nach déanaí ná 25 lá ó dhíbhordáil an bhreathnóra. Cuirfidh an Coimisiún***, nó an comhlacht arna ainmniú aige***, an fhaisnéis sin ar aghaidh go leictreonach chun Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná 30 lá ó dhíbhordáil an bhreathnóra.

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 26 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta glactha atá faoina mbratach agus a bhíonn ag gabháil do thrasloingsiú dearbhú trasloingsithe de chuid SPRFMO a ullmhú i gcomhréir le hIarscríbhinn IX agus cuirfidh siad an dearbhú faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an 10ú lá den mhí tar éis na míosa ina gcuirtear an trasloingsiú i gcrích. Tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná an ***15ú*** lá den mhí tar éis na míosa ina gcuirtear an trasloingsiú i gcrích.	1. ***Ullmhóidh*** soithí iascaireachta glactha a ghabhann do thrasloingsiú dearbhú trasloingsithe de chuid SPRFMO a i gcomhréir le hIarscríbhinn IX agus cuirfidh siad an dearbhú faoi bhráid ***a Bhallstáit brataí tráth nach déanaí ná an 5ú lá den mhí tar éis na míosa ina gcuirtear an trasloingsiú i gcrích***. ***Cuirfidh an Ballstát brataí an dearbhú faoi bhráid*** an Choimisiúin***, nó an chomhlachta arna ainmniú aige,*** tráth nach déanaí ná an 10ú lá den mhí tar éis na míosa ina gcuirtear an trasloingsiú i gcrích. Tarchuirfidh an Coimisiún***, nó an comhlacht arna ainmniú aige,*** an fhaisnéis sin chun Rúnaíocht SPRFMO tráth nach déanaí ná an ***15ú*** lá den mhí tar éis na míosa ina gcuirtear an trasloingsiú i gcrích.

Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 26 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí iascaireachta glactha atá faoina mbratach agus a bhíonn ag gabháil do thrasloingsiú cóip de dhearbhú trasloingsithe SPRFMO a choinneáil ar an soitheach ar feadh an turais iascaireachta agus é a sholáthar d'aon chigire údaraithe de réir mar is gá.	2. ***Coimeádfaidh*** soithí iascaireachta glactha a ghabhann do thrasloingsiú cóip de dhearbhú trasloingsithe SPRFMO ar an soitheach ar feadh an turais iascaireachta agus é a sholáthar d'aon chigire údaraithe de réir mar is gá.

Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Na Ballstáit a bheartaíonn breathnóirí ó chlár breathnóirí Ballstáit eile, ó Chomhalta SPRFMO nó ó PCN a imscaradh, déanfaidh siad an Coimisiún a chur ar an eolas sula ndéanfar an t-imscaradh sin. Iarrfaidh an Coimisiún toiliú an Bhallstáit, an Chomhalta de chuid SPRFMO nó an PCN ar leith agus cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhallstát ábhartha ina dhiaidh sin.	6. Cuirfidh na Ballstáit a bheartaíonn breathnóirí ó chlár breathnóirí Ballstáit eile, ***ó Pháirtí Conarthach*** SPRFMO nó ó PCN a imscaradh, an Coimisiún ar an eolas sula ndéanfar an t-imscaradh sin. Iarrfaidh an ***Ballstát*** toiliú an Bhallstáit, ***Pháirtí Conarthach*** SPRFMO nó PCN faoi seach ***sula gcuirfear an Coimisiún ar an eolas***.

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13

Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Beidh soithí taighde eolaíochta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht chun críoch taighde díolmhaithe ón oibleagáid breathnóirí creidiúnaithe a bheith ar bord acu, ach amháin má tá siad ag gabháil d'iascach taiscéalaíoch. Comhlíonfaidh Ballstáit bhrataí na soithí sin na ceanglais maidir le bailiú sonraí agus tuairisciú atá in Iarscríbhinn X agus in Airteagal 28a agus áiritheoidh siad go mbeidh sé d'acmhainn ag an bpearsanra eolaíochta ar bord na freagrachtaí breathnóireachta agus tuairiscithe uile atá sna ceanglais sin a chomhlíonadh ina n-iomláine.	7. Beidh soithí taighde eolaíochta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht chun críoch taighde díolmhaithe ón oibleagáid breathnóirí creidiúnaithe a bheith ar bord acu, ach amháin má tá siad ag gabháil d'iascach taiscéalaíoch. Comhlíonfaidh Ballstáit bhrataí na ***soithí taighde eolaíochta atá ag iascaireacht chun críocha taighde, agus nach ngabhann d'iascach taiscéalaíoch,*** na ceanglais bailithe sonraí agus tuairiscithe atá in Iarscríbhinn X agus in Airteagal 28a agus áiritheoidh siad go mbeidh sé d'acmhainn ag an bpearsanra eolaíochta ar bord na freagrachtaí breathnóireachta agus tuairiscithe uile atá sna ceanglais sin a chomhlíonadh ina n-iomláine.

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28c – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-imscarfaidh a gcláir breathnóirí agus a soláthraithe seirbhíse ach breathnóirí neamhspleácha neamhchlaonta. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil leas díreach airgeadais, úinéireacht ná naisc ghnó ag an gclár breathnóirí ná ag an soláthraí seirbhíse, de réir mar is gá sa chás, ná ag na breathnóirí aonair, le soithí, próiseálaithe, gníomhairí ná miondíoltóirí a bhfuil baint acu le héisc nó táirgí éisc a ghabháil, a thógáil, a shaothrú, a iompar, a phróiseáil nó a dhíol.	1. Áiritheoidh na Ballstáit nach n-imscarfaidh a gcláir breathnóirí agus a soláthraithe seirbhíse ach breathnóirí neamhspleácha neamhchlaonta. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil leas díreach airgeadais, úinéireacht ná naisc ghnó ag an gclár breathnóirí ná ag an soláthraí seirbhíse, de réir mar is gá sa chás, ná ag na breathnóirí aonair, le soithí, próiseálaithe, gníomhairí ná miondíoltóirí a bhfuil baint acu le héisc nó táirgí éisc ***a chlúdaíonn Coinbhinsiún SPRFMO*** a ghabháil, a thógáil, a shaothrú, a iompar, a phróiseáil nó a dhíol.

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28c –mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh a gcláir breathnóirí ná a soláthraithe seirbhíse ná na breathnóirí aonair an méid seo a leanas:	2. Áiritheoidh na Ballstáit nach ndéanfaidh a gcláir breathnóirí ná a soláthraithe seirbhíse ná na breathnóirí aonair an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28c – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) aon aisce, bronntanas, fabhar, siamsaíocht, cóiríocht iomarcach, iasacht nó aon ní a bhfuil luach airgeadaíochta ag baint leis a lorg nó a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, ó aon duine a sheolann gníomhaíochtaí atá á rialáil ag Comhalta de chuid SPRFMO nó ag PCN atá bainteach lena sheirbhísí nó le SPRFMO, nó a bhfuil leasanna aige a bhféadfadh comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh dhualgais oifigiúla an bhreathnóra difear mór a dhéanamh dóibh;	(b) aon aisce, bronntanas, fabhar, siamsaíocht, cóiríocht iomarcach, iasacht nó aon ní a bhfuil luach airgeadaíochta ag baint leis a lorg nó a ghlacadh, go díreach nó go hindíreach, ó aon duine a sheolann gníomhaíochtaí atá á rialáil ag ***Páirtí Conarthach*** de chuid SPRFMO nó ag PCN atá bainteach lena sheirbhísí nó le SPRFMO, nó a bhfuil leasanna aige a bhféadfadh comhlíonadh nó neamhchomhlíonadh dhualgais oifigiúla an bhreathnóra difear mór a dhéanamh dóibh;

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28d –mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfaidh breathnóirí a earcaítear ina gclár breathnóirí nó a imscarann a soláthraithe seirbhíse na critéir seo a leanas:	Áiritheoidh na Ballstáit go ***mbeidh ag*** breathnóirí a earcaítear ina gclár breathnóirí nó a imscarann a soláthraithe seirbhíse na critéir seo a leanas:

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28d – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) an cumas na dualgais breathnóirí a dtugtar tuairisc orthu sa Roinn seo a chomhlíonadh;	(b) ***an*** cumas na dualgais breathnóirí a dtugtar tuairisc orthu sa Roinn seo a chomhlíonadh;

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28e – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) sainaithint agus taifead speiceas a dtagtar orthu ar muir, lena n-áirítear spriocspeicis agus speicis nach spriocspeicis iad, speicis faoi chosaint, éanlaith mhara, mamaigh mhuirí, turtair mhara, inveirteabraigh a léiríonn éiceachórais leochaileacha mhuirí, etc.;	(f) sainaithint agus taifead speiceas a dtagtar orthu ar muir, lena n-áirítear spriocspeicis agus speicis nach spriocspeicis iad, speicis faoi chosaint, éanlaith mhara, mamaigh mhuirí, turtair mhara, inveirteabraigh a léiríonn ***láithreacht na*** n-éiceachóras leochaileach muirí, etc.;

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13

Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28j – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go bhféachfaidh a gcláir breathnóirí nó a soláthraithe seirbhíse, a mhéid is féidir, le himscaradh breathnóir aonair ar roinnt turas leantach ar an soitheach céanna a sheachaint.	3. Áiritheoidh na Ballstáit freisin go bhféachfaidh a gcláir breathnóirí nó a soláthraithe seirbhíse, a mhéid is féidir, le himscaradh breathnóir aonair ar roinnt turas leantach ar an soitheach céanna a sheachaint.

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28m – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh próiseas réitigh díospóidí i bhfeidhm ag a gcláir breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse atá cothrom do na páirtithe uile lena soláthraítear próiseas chun saincheisteanna a réiteach trí mhodhanna iomchuí lena n-áirítear éascú agus idirghabháil.	Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh próiseas réitigh díospóidí ***neamhspleách*** i bhfeidhm ag a gcláir breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse atá cothrom do na páirtithe uile lena soláthraítear próiseas chun saincheisteanna a réiteach trí mhodhanna iomchuí lena n-áirítear éascú agus idirghabháil.

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28n – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag a gcláir breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse chun tacú le breathnóirí agus a ndualgais a dhéanamh gan bhac agus i dtimpeallacht shábháilte oibre, lena n-áirítear Plean	1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh nósanna imeachta i bhfeidhm ag a gcláir breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse chun tacú le breathnóirí agus a ndualgais a dhéanamh gan bhac agus i dtimpeallacht shábháilte oibre, lena n-áirítear Plean

Gníomhaíochta Éigeandála (EAP) bunaithe. Ní mór don EAP treoracha a sholáthar maidir le tuarascálacha a sheoladh chuig pointí teagmhála ainmnithe 24 uair an chloig an tsoláthraí chun dálaí neamhshábháilte a thuairisciú, lena n-áirítear cásanna ciaptha, imeaglaithe nó ionsaithe.	Gníomhaíochta Éigeandála (EAP) bunaithe. ***Soláthróidh*** an EAP treoracha ar thuarascálacha a sheoladh chun pointí teagmhála ainmnithe 24 uair an chloig an tsoláthraí chun dálaí neamhshábháilte a thuairisciú, lena n-áirítear cásanna ciaptha, imeaglaithe nó ionsaithe.
	Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28p – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtairbheoidh breathnóirí ar bord soithí iascaireachta atá faoina mbratach de na cearta a leagtar amach san fhoráil seo agus go gcuirfear cóip de na cearta sin ar fáil do chriú na soithí sin nó go gcuirfear ar taispeáint go feiceálach ar bord iad.	1. Áiritheoidh na Ballstáit go dtairbheoidh breathnóirí ar bord soithí iascaireachta atá faoina mbratach de na cearta a leagtar amach san fhoráil seo agus go gcuirfear cóip de na cearta sin ar fáil do chriú na soithí sin ***agus*** go gcuirfear ar taispeáint go feiceálach ar bord iad.
	Or. en

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28p – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) úsáid réasúnach an trealaimh cumarsáide ar bord chun cumarsáid a dhéanamh leis an gclár breathnóirí ar talamh tráth ar bith, lena n-áirítear i gcás éigeandálaí;	(e) úsáid réasúnach an trealaimh cumarsáide ar bord chun cumarsáid a dhéanamh leis an gclár breathnóirí ar talamh tráth ar bith, lena n-áirítear ***in*** éigeandálaí;
	Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28p – mír 2 – pointe m

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(m) an cumas saincheisteanna sábháilteachta a chur in iúl tráth ar bith do mháistir an tsoithigh, d'údaráis an chláir breathnóirí nó don soláthraí seirbhíse, don Rúnaíocht, agus don Stát brataí, de réir mar is iomchuí;	(m) an cumas saincheisteanna sábháilteachta a chur in iúl tráth ar bith do mháistir an tsoithigh, d'údaráis an chláir breathnóirí nó don soláthraí seirbhíse, do Rúnaíocht ***SPRFMO***, agus don ***Bhallstát*** brataí, de réir mar is iomchuí;

Or. en

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh breathnóirí arna n-imscaradh ag a gcláir breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse ar bord soithí iascaireachta na dualgais a leagtar amach san fhoráil seo a chomhlíonadh.	1. Áiritheoidh na Ballstáit***, sula dtéitear ar bord soithigh iascaireachta,*** go ndéanfaidh breathnóirí arna n-imscaradh ag a gcláir breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse: ***(a) doiciméid iomlána bhailí a iompar, lena n-áirítear, nuair is ábhartha, doiciméid aitheantais, pasanna, víosaí agus deimhnithe oiliúna de shlándáil ar muir;*** ***(b) cóipeanna de na doiciméid dá dtagraítear i bpointe (a) a chur faoi bhráid bhainisteoirí cláir an chláir breathnóirí nó faoi bhráid an tsoláthraí seirbhíse, de réir mar is gá.***

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q –mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh breathnóirí ar bord soithí iascaireachta na dualgais seo a leanas:	2. Áiritheoidh ***na Ballstáit go ndéanfaidh breathnóirí arna n-imscaradh ag a gcláir breathnóirí nó ag a soláthraithe seirbhíse*** ar bord soithí iascaireachta:

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) doiciméid iomlána bhailí a bheith ar iompar sula dtéitear ar bord an tsoithigh, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, doiciméid aitheantais, pas, víosaí agus deimhnithe oiliúna maidir le slándáil ar muir;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Bogtha go mír 1(a)

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cóipeanna de na doiciméid thuasluaite a chur faoi bhráid bhainisteoirí cláir an chláir breathnóirí nó faoi bhráid an tsoláthraí seirbhíse, de réir mar is gá;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Bogtha go mír 1(b)

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a choinneáil ar bun i gcónaí agus iad ar dualgas;	(c) neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a choinneáil ar bun i gcónaí agus iad ar dualgas;

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) dlíthe agus rialacháin an Bhallstáit, ar faoina bhratach atá an soitheach, a chomhlíonadh;	(d) dlíthe agus rialacháin an Bhallstáit, ar faoina bhratach atá an soitheach, a chomhlíonadh;

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) an t-ordlathas agus na rialacha iompraíochta ginearálta is infheidhme maidir le pearsanra an tsoithigh a urramú;	(e) an t-ordlathas agus na rialacha iompraíochta ginearálta is infheidhme maidir le pearsanra an tsoithigh a urramú;

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) dualgais a dhéanamh ar bhealach nach gcuirfidh isteach go míchuí ar oibríochtaí an tsoithigh agus, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chur i gcrích, aird chuí a thabhairt ar cheanglais oibríochtúla an tsoithigh agus cumarsáid a dhéanamh go rialta le máistir an tsoithigh;	(f) dualgais a dhéanamh ar bhealach nach gcuirfidh isteach go míchuí ar oibríochtaí an tsoithigh agus, le linn dóibh a bhfeidhmeanna a chur i gcrích, aird chuí a thabhairt ar cheanglais oibríochtúla an tsoithigh agus cumarsáid a dhéanamh go rialta le máistir an tsoithigh;

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) cur amach a bheith aige ar na nósanna imeachta éigeandála ar bord an tsoithigh, lena n-áirítear suíomhanna na raftaí tarrthála, na múchtóirí dóiteáin, agus na bhfearas garchabhrach, agus páirt a ghlacadh go rialta i ndruileanna éigeandála	(g) cur amach a bheith aige ar na nósanna imeachta éigeandála ar bord an tsoithigh, lena n-áirítear suíomhanna na raftaí tarrthála, na múchtóirí dóiteáin, agus na bhfearas garchabhrach, agus páirt a ghlacadh go rialta i ndruileanna éigeandála

a bhfuil oiliúint faighte ag an mbreathnóir ina leith;	a bhfuil oiliúint faighte ag an mbreathnóir ina leith;
	Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) cumarsáid a dhéanamh go tráthrialta le máistir an tsoithigh maidir le saincheisteanna ábhartha agus dualgais ábhartha an bhreathnóra;	(h) cumarsáid a dhéanamh go tráthrialta le máistir an tsoithigh maidir le saincheisteanna ábhartha agus dualgais ábhartha an bhreathnóra;
	Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(i) staonadh ó ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar íomhá an chláir breathnóirí;	(i) staonadh ó ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar íomhá an chláir breathnóirí ***nó an tsoláthraí seirbhíse***;
	Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) cloí le haon chód iompair is gá do bhreathnóirí, lena n-áirítear aon dlí agus nós imeachta is infheidhme;	(j) cloí le haon chód iompair is gá do bhreathnóirí, lena n-áirítear aon dlí agus nós imeachta is infheidhme;

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe k

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(k) cumarsáid a dhéanamh chomh rialta agus is gá le bainisteoirí an chláir nó le comhordaitheoir an chláir breathnóirí ar talamh;	(k) cumarsáid a dhéanamh chomh rialta agus is gá le bainisteoirí an chláir nó le comhordaitheoir an chláir breathnóirí ar talamh;

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(l) aon CMM de chuid SPRFMO a bhfuil a fhorálacha infheidhme go díreach maidir le breathnóirí a chomhlíonadh;	(l) aon CMM de chuid SPRFMO a bhfuil a fhorálacha infheidhme go díreach maidir le breathnóirí a chomhlíonadh;

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28q – mír 2 – pointe m

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(m) meas a léiriú ar an bpríobháideachas i limistéir an mháistir agus an chriú.	(m) meas a léiriú ar an bpríobháideachas i limistéir an mháistir agus an chriú.

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Roinn 3 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Cearta agus dualgais oibreoirí agus máistrí soithí de chuid an Aontais	Cearta agus dualgais oibreoirí agus máistrí soithí iascaireachta an Aontais

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28s –mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Áiritheoidh na Ballstáit go n-urramóidh oibreoirí iascaireachta agus máistrí soithí iascaireachta atá faoina mbratach cearta na mbreathnóirí a leagtar amach in Airteagal 28p agus go gcomhlíonfaidh siad na dualgais seo a leanas:	***Urramóidh*** oibreoirí ***soithí*** agus máistrí soithí iascaireachta cearta na mbreathnóirí a leagtar amach in Airteagal 28p agus:

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28s – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) má cheanglaítear é leis an Rialachán seo nó le CMM de chuid SPRFMO, mar uirlis faireacháin chomhlántach, córais nó gairis faireacháin leictreonaigh fheidhmiúla a shuiteáil agus a chothabháil ar feadh na dturas iascaireachta roghnaithe;	(c) mar uirlis faireacháin chomhlántach, córais nó gairis faireacháin leictreonaigh fheidhmiúla ***a shuiteáil agus a chothabháil*** ar feadh na dturas iascaireachta roghnaithe;

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28s – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) a áirithiú go gcuimseoidh soithí atá ag oibriú i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO spás leordhóthanach don bhreathnóir chun sampláil foghabhála nó sampláil eile a dhéanamh de réir mar is gá, ar bhealach sábháilte lena gcuirtear teorainn leis an gcur isteach ar oibríochtaí soithigh, le stáisiún samplála tiomnaithe agus le trealamh eile amhail scálaí;	(e) a áirithiú go gcuimseoidh ***agus go soláthróidh*** soithí a oibríonn i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO spás leordhóthanach ***ar an deic nó sa limistéar próiseála*** don bhreathnóir chun sampláil foghabhála nó sampláil eile a dhéanamh de réir mar is gá ***chomh maith le dualgais breathnóra eile***, ar shlí shábháilte a theorannaíonn an gcur isteach ar oibríochtaí soithigh, le stáisiún samplála tiomnaithe agus le trealamh eile amhail scálaí;

Or. en

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28s – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) an criú a chur ar an eolas maidir le huainiú agus cuspóirí an chláir breathnóirí agus maidir leis an sceideal le haghaidh bordáil breathnóirí, chomh maith lena bhfreagrachtaí nuair a bhordálann breathnóir ón gclár breathnóirí an soitheach;	(h) an criú a chur ar an eolas maidir le huainiú agus cuspóirí an chláir breathnóirí agus maidir leis an sceideal le haghaidh bordáil breathnóirí, chomh maith lena bhfreagrachtaí nuair a bhordálann breathnóir an soitheach;

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13

Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28s – mír 1 – pointe m

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(m) rochtain iomlán ar shaoráidí agus ar threalamh uile an tsoithigh a cheadú agus cúnamh a thabhairt lena n-úsáid, ar saoráidí agus trealamh iad is gá don bhreathnóir chun a dhualgais a chomhlíonadh, lena n-áirítear rochtain iomlán ar an droichead, ar an ngabháil sula ndéanfar í a shórtáil, ar an ngabháil phróiseáilte agus ar aon fhoghabháil ar bord, chomh maith le limistéir a fhéadfar a úsáid chun éisc a choinneáil, a phróiseáil, a mheá agus a stóráil, ach gan bheith teoranta don rochtain sin;	(m) rochtain iomlán ar shaoráidí agus ar threalamh uile an tsoithigh a cheadú agus cúnamh a thabhairt lena n-úsáid, ar saoráidí agus trealamh iad is gá don bhreathnóir chun a dhualgais a chomhlíonadh, lena n-áirítear rochtain iomlán ar an droichead, ar an ngabháil phróiseáilte agus ar aon fhoghabháil ar bord, chomh maith le limistéir a fhéadfar a úsáid chun éisc a choinneáil, a phróiseáil, a mheá agus a stóráil, ach gan bheith teoranta don rochtain sin;

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28s – mír 1 – pointe q

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(q) spás leordhóthanach a sholáthar don bhreathnóir sa droichead nó i limistéar ainmnithe eile le haghaidh obair chléireachais, chomh maith le spás leordhóthanach ar an deic nó sa mhonarcha chun dualgais an bhreathnóra a chomhlíonadh;	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Athrá ar fhomhír (e)

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13

Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28t – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(l) áiteanna sábháilte chun obair a dhéanamh ar deic agus an trealamh sábháilteachta is gá;	(l) áiteanna sábháilte chun oibre ar deic ***nó sa limistéar próiseála*** agus an trealamh sábháilteachta is gá;

Or. en

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28u –mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina bhfaighidh breathnóir bás, go mbeidh sé ar iarraidh nó go dtoimhdeofar é a bheith tite thar bord, go ndéanfaidh soithí iascaireachta atá faoina mbratach an méid seo a leanas:	1. Áiritheoidh na Ballstáit, ***má éagann*** breathnóir, má tá sé ar iarraidh nó má ghlactar leis é a bheith tite thar bord, go ndéanfaidh soithí iascaireachta atá faoina mbratach an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28u – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) tús a chur láithreach le cuardach agus tarrtháil má tá an breathnóir ar iarraidh nó má thoimhdítear go bhfuil sé tite thar bord, agus an cuardach a dhéanamh ar feadh ar a laghad 72 uair a chloig, ach amháin i gcás ina n-aimseofar an breathnóir níos luaithe, nó mura dtreoróidh a Bhallstát brataí dóibh leanúint den chuardach;	(b) tús a chur láithreach le cuardach agus tarrtháil má tá an breathnóir ar iarraidh nó má ghlactar leis go bhfuil sé tite thar bord, agus an cuardach a dhéanamh ar feadh ar a laghad 72 uair a chloig, ach amháin i gcás ina n-aimseofar an breathnóir níos luaithe, nó mura dtreoróidh a mBallstát brataí ***nó a n-údaráis inniúla cuardaigh agus tarrthála*** dóibh leanúint den chuardach;

Or. en

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28u – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) fógra a thabhairt dá mBallstáit brataí láithreach;	(c) fógra a thabhairt láithreach dá mBallstát brataí ***agus dá n-údaráis inniúla cuardaigh agus tarrthála***;

Or. en

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28u – mír 1 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) gan beann ar na torthaí cuardaigh, filleadh chun tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh chuig an gcalafort is gaire, de réir mar a chomhaontaigh an Ballstát brataí agus an Comhalta de chuid SPRFMO nó an PCN, clár breathnóirí an Bhallstáit nó an soláthraí seirbhíse ar faoina chlár breathnóirí a imscartar an breathnóir;	(g) gan beann ar na torthaí cuardaigh, filleadh chun tuilleadh imscrúdaithe a dhéanamh chun an chalafoirt is gaire, de réir mar ***a chinn na húdaráis inniúla, nó mar*** a chomhaontaigh an Ballstát brataí agus ***Páirtí Conarthach*** SPRFMO nó PCN, clár breathnóirí an Bhallstáit nó an soláthraí seirbhíse ar faoina chlár breathnóirí a imscartar an breathnóir;

Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 28u – mír 1 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(h) tuarascáil faoin teagmhas a sholáthar dá mBallstát brataí, a	(h) tuarascáil faoin teagmhas a sholáthar dá mBallstát brataí, a

tharchuirfidh í chuig an gCoimisiún, chuig soláthraithe na mbreathnóirí agus chuig na húdaráis iomchuí ag brath ar an teagmhas; agus	tharchuirfidh í chun an Choimisiúin, chun soláthraithe na mbreathnóirí agus chun na n-údarás ***inniúil*** ag brath ar an teagmhas; agus
	Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 17 – pointe a
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh údaráis inniúla an Bhallstáit calafoirt cóip den tuarascáil chigireachta agus den fhianaise a bailíodh le linn na cigireachta a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de 5 lá oibre tar éis chur i gcrích na cigireachta, agus, a mhéid is indéanta, áiritheoidh siad go gcoimeádfar an fhianaise slán. Déanfaidh an Coimisiún an tuarascáil chigireachta agus aon fhianaise a tharchur chuig Rúnaíocht SPRFMO agus chuig an bPáirtí Conarthach brataí nó chuig pointe teagmhála an PCN gan mhoill.’	2. Déanfaidh údaráis inniúla Bhallstát an chalafoirt cóip den tuarascáil chigireachta agus den fhianaise a bailíodh le linn na cigireachta a chur ar aghaidh chun an Choimisiúin***, nó chun an chomhlachta arna ainmniú aige***, a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de 5 lá oibre tar éis chur i gcrích na cigireachta, agus, a mhéid is indéanta, áiritheoidh siad go gcoimeádfar an fhianaise slán. Déanfaidh an Coimisiún***, nó an comhlacht arna ainmniú aige***, an tuarascáil chigireachta agus aon fhianaise a tharchur chun Rúnaíocht SPRFMO agus chun an Bhallstáit bhrataí nó chun Páirtí Conarthach SPRFMO nó chun pointe teagmhála PCN gan mhoill.
	Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35 a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfaidh an Coimisiún fógra a thabhairt do Choimisiún SPRFMO go mbeidh feidhm ag forálacha bordála agus cigireachta SPRFMO ar an mórmhuir ina	2. Féadfaidh an Coimisiún***, nó an comhlacht arna ainmniú aige***, fógra a thabhairt do Choimisiún SPRFMO go mbeidh feidhm ag forálacha bordála agus

n-iomláine, mutatis mutandis, amhail idir an tAontas agus eintiteas iascaireachta.

cigireachta SPRFMO ar an mórmhuir ina n-iomláine, mutatis mutandis, amhail idir an tAontas agus eintiteas iascaireachta.

Or. en

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit faoi na soithí cigireachta údaraithe agus faoi údaráis na soithí cigireachta a chuimsítear i gclár SPRFMO de shoithí cigireachta údaraithe agus faoi údaráis na soithí cigireachta, agus faoi aon nuashonrú a dhéantar ar an gclár sin.	3. Tabharfaidh an Coimisiún***, nó an comhlacht arna ainmniú aige***, fógra do na Ballstáit faoi na soithí cigireachta údaraithe agus faoi údaráis na soithí cigireachta a chuimsítear i gclár SPRFMO de shoithí cigireachta údaraithe agus faoi údaráis na soithí cigireachta, agus faoi aon nuashonrú a dhéantar ar an gclár sin.

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35b – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ordóidh an Ballstát brataí don mháistir glacadh le bordáil agus cigireacht ach amháin sna cásanna sin inar gá, de bharr bearta, nósanna imeachta agus cleachtais idirnáisiúnta ábhartha a bhaineann le sábháilteacht ar muir, moill a chur ar an mbordáil agus ar an gcigireacht. Mura gcomhlíonfaidh an máistir ordú den sórt sin, cuirfidh an Ballstát brataí údarú an tsoithigh le hiascaireacht a dhéanamh ar fionraí agus ordóidh sé don soitheach filleadh ar an gcalafort láithreach.	3. Ordóidh an Ballstát brataí don mháistir glacadh le bordáil agus cigireacht ach amháin sna cásanna sin inar gá, de bharr bearta, nósanna imeachta agus cleachtais idirnáisiúnta ábhartha a bhaineann le sábháilteacht ar muir, moill a chur ar an mbordáil agus ar an gcigireacht. Mura gcomhlíonfaidh an máistir ordú den sórt sin, cuirfidh an Ballstát brataí údarú an tsoithigh le hiascaireacht a dhéanamh ar fionraí agus ordóidh sé don soitheach filleadh láithreach ar an gcalafort ***arna shonrú ag soithí cigireachta údaraithe nó údaráis na soithí cigireachta, nó ar an gcalafort is gaire, nó ar chalafort arna shonrú ag an mBallstát brataí***.

Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35b – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tabharfaidh an Ballstát brataí fógra don Choimisiún láithreach faoin ngníomhaíocht a rinne sé sna himthosca dá dtagraítear i mír 3. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur chuig údaráis an tsoithigh cigireachta agus chuig Coimisiún SPRFMO gan mhoill.	4. Tabharfaidh an Ballstát brataí fógra don Choimisiún láithreach***, nó an comhlacht arna ainmniú aige,*** faoin ngníomhaíocht a rinne sé sna himthosca dá dtagraítear i mír 3. Déanfaidh an Coimisiún***, nó an comhlacht arna ainmniú aige,*** an fhaisnéis sin a chur chuig údaráis an tsoithigh cigireachta agus chuig Coimisiún SPRFMO gan mhoill.

Or. en

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35c –mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Chun críocha an Rialacháin seo, cuimseofar le sárú tromchúiseach na sáruithe seo a leanas ar an Rialachán seo, ar Choinbhinsiún SPRFMO ***nó ar CMManna SPRFMO***:	1. Chun críocha an Rialacháin seo, cuimseofar le sárú tromchúiseach na sáruithe seo a leanas ar an Rialachán seo nó ar Choinbhinsiún SPRFMO:

Or. en

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35c – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) tógáil nó coinneáil d'aon ghnó speiceas de shárú ar an Rialachán seo, ar Choinbhinsiún SPRFMO ***nó ar aon CMM de chuid SPRFMO is infheidhme***;	(e) tógáil nó coinneáil d'aon ghnó speiceas de shárú ar an Rialachán seo nó ar Choinbhinsiún SPRFMO;

Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35c – mír 1 – pointe j

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(j) an iliomad sáruithe ar neamhaird thromchúiseach ar an Rialachán seo, ar Choinbhinsiún SPRFMO ***nó ar aon CMM de chuid SPRFMO atá i bhfeidhm*** iad, nuair a chuirtear le chéile iad;	(j) an iliomad sáruithe ar neamhaird thromchúiseach ar an Rialachán seo nó ar Choinbhinsiún SPRFMO, nuair a chuirtear le chéile iad;

Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35c – mír 1 – pointe 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(l) cigire údaraithe a ionsaí, a dhiúltú, a imeaglú, a chiapadh go gnéasach, cur isteach air, nó bac nó moill mhíchuí a chur air; agus	(l) Cigire údaraithe ***nó breathnóir údaraithe*** a ionsaí, a dhiúltú, a imeaglú, a chiapadh go gnéasach, cur isteach air, nó bac nó moill mhíchuí a chur air; agus

Or. en

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35c – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) imscrúdú a dhéanamh agus, más gá sin de réir na fianaise, beart forfheidhmithe a dhéanamh in aghaidh an tsoithigh atá i gceist agus fógra dá réir sin a thabhairt don Choimisiún, agus tabharfaidh an Coimisiún fógra d'údaráis an tsoithigh cigireachta agus do Rúnaíocht SPRFMO; nó	(a) imscrúdú a dhéanamh agus, más gá sin de réir na fianaise, beart forfheidhmithe a dhéanamh in aghaidh an tsoithigh atá i gceist agus fógra dá réir sin a thabhairt don Choimisiún***, nó don chomhlacht arna ainmniú aige,*** agus tabharfaidh an Coimisiún fógra d'údaráis an tsoithigh cigireachta agus do Rúnaíocht SPRFMO; nó

Or. en

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35c – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) a údarú d'údaráis an tsoithigh	(b) a údarú d'údaráis an tsoithigh

cigireachta imscrúdú a ghabháil de láimh i dtaobh an tsáraithe thromchúisigh líomhnaithe agus fógra a thabhairt don Choimisiún dá réir sin, agus tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht SPRFMO.	cigireachta imscrúdú a ghabháil de láimh i dtaobh an tsáraithe thromchúisigh líomhnaithe agus fógra a thabhairt don Choimisiún dá réir sin***, nó don chomhlacht arna ainmniú aige,*** agus tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht SPRFMO.
	Or. en

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 18
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35c – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Chun críocha an Rialacháin seo,*** féachfaidh na Ballstáit bhrataí ar aon chur isteach ar chomhlíonadh dualgas cigire údaraithe nó soithigh cigireachta údaraithe ag soithí iascaireachta atá faoina mbratach, nó ag captaein agus criú soithí den sórt sin, ar an mbealach céanna le haon chur isteach den sórt sin a tharlaíonn laistigh dá ndlínse eisiach.	3. Féachfaidh na Ballstáit bhrataí ar aon chur isteach ar chomhlíonadh dualgas ***breathnóra,*** cigire údaraithe nó soithigh cigireachta údaraithe ag soithí iascaireachta atá faoina mbratach, nó ag captaein agus criú soithí den sórt sin, ar an mbealach céanna le haon chur isteach den sórt sin a tharlaíonn laistigh dá ndlínse eisiach.
	Or. en

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35d – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Cuirfidh na Ballstáit*** toirmeasc ar shoithí iascaireachta ***atá faoina mbratach*** na plaistigh uile a sceitheadh isteach san fharraige, lena n-áirítear ropaí sintéiseacha, líonta iascaireachta sintéiseacha, málaí dramhaíola plaisteacha agus luaithreach loisceoirí ó tháirgí plaisteacha, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin.	1. ***Cuirfear*** toirmeasc ar shoithí iascaireachta na plaistigh uile a sceitheadh isteach san fharraige, lena n-áirítear ropaí sintéiseacha, líonta iascaireachta sintéiseacha, málaí dramhaíola plaisteacha agus luaithreach loisceoirí ó tháirgí plaisteacha, ach gan bheith teoranta dóibh sin amháin.
	Or. en

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35d – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh*** soithí iascaireachta ***atá faoina mbratach*** na plaistigh uile ***a stóráil*** ar bord an tsoithigh go dtí gur féidir iad a sceitheadh ag saoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha.	2. ***Stórálfaidh*** soithí iascaireachta na plaistigh uile ar bord an tsoithigh go dtí gur féidir iad a sceitheadh ag saoráidí glactha calafoirt leordhóthanacha

Or. en

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35e –mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh ***na Ballstáit***:	1. Áiritheoidh ***máistrí soithí iascaireachta***:

Or. en

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35e – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***go ndéanfaidh soithí atá faoina mbratach agus a oibríonn le haon trealamh iascaireachta ar bord*** na hiarrachtaí réasúnta uile trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile atá nasctha leis na soithí	(a) ***go ndéanfar*** na hiarrachtaí réasúnta uile trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile atá nasctha leis na soithí sin a chomhrac, a íoslaghdú agus a dhíothú;

sin a chomhrac, a íoslaghdú agus a dhíothú;

Or. en

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35e – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ***go gcuirfear toirmeasc ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach*** trealamh iascaireachta ***a bhfuil baint aige leis na soithí sin*** a dhiúscairt nó a thréigean d'aon ghnó, ach amháin ar chúiseanna sábháilteachta, go háirithe ***soithí atá i nguais agus/nó ar a bhfuil baol báis***;	(b) ***nach ndéantar trealamh*** iascaireachta a dhiúscairt ná a thréigean d'aon ghnó, ach amháin ar chúiseanna sábháilteachta, go háirithe ***i gcás anacra nó beatha atá i mbaol***;

Or. en

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35e – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***go dtoirmiscfear ar shoithí iascaireachta atá faoina mbratach agus a bhfuil trealamh iascaireachta caillte acu é a thréigean gan*** gach iarracht réasúnach a dhéanamh é a aisghabháil a luaithe is féidir;	(c) a luaithe is féidir***, go ndéanfar*** gach iarracht réasúnach trealamh iascaireachta caillte a aisghabháil ***sula dtréigfear é***;

Or. en

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19

Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35e – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) go mbeidh trealamh ar bord ***ag aon soitheach iascaireachta atá faoina mbratach agus a oibríonn le haon trealamh ar bord,*** i gcás inar féidir, chun aon trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile atá nasctha leis na soithí sin a aisghabháil;	(d) go mbeidh trealamh ar bord, i gcás inar féidir, chun aon trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile atá nasctha leis na soithí sin a aisghabháil;

Or. en

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35e – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***i gcás*** nach féidir ***le soitheach iascaireachta atá faoina mbratach*** trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile a aisghabháil chuig an soitheach sin***, go dtabharfaidh an soitheach*** fógra dá Bhallstát brataí agus don Choimisiún laistigh de 48 n-uair an chloig faoin bhfaisnéis seo a leanas a bhaineann leis an trealamh sin:	(e) i gcás nach féidir trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile ***an tsoithigh sin*** a aisghabháil, ***go dtabharfar*** fógra ***don Bhallstát*** brataí laistigh de 48 n-uair an chloig faoin méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35e – mír 1 – pointe f – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) i gcás ina ***n-aisghabhann soitheach atá faoina bhratach*** trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile nach bhfuil nasctha leis an	(f) i gcás ina ***n-aisghabhtar*** trealamh iascaireachta tréigthe, caillte nó diúscartha ar bhealach eile nach bhfuil nasctha leis an soitheach sin***, tabharfar*** fógra ***don***

soitheach sin***, tabharfaidh an soitheach*** fógra ***dá*** Bhallstát brataí laistigh de 48 n-uair an chloig faoin méid seo a leanas:

Bhallstát brataí laistigh de 48 n-uair an chloig faoin méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 19
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 35e – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis a fhaightear faoi mhír 1, pointí (e) agus (f), a tharchur go pras chuig an gCoimisiún. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh go pras chuig Rúnaíocht SPRFMO.	2. Déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis a fhaightear faoi mhír 1, pointí (e) agus (f), a tharchur go pras chuig an gCoimisiún***, nó chuig an gcomhlacht arna ainmniú aige***. Déanfaidh an Coimisiún***, nó an comhlacht arna ainmniú aige,*** an fhaisnéis sin a chur ar aghaidh go pras chuig Rúnaíocht SPRFMO.

Or. en

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 40 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála chun tuarascálacha cigireachta a fháil ó Pháirtithe Conarthacha, eintiteas iascaireachta agus PCNanna.	1. Ainmneoidh na Ballstáit pointe teagmhála chun tuarascálacha cigireachta a fháil ó ***Bhallstáit eile,*** Páirtithe Conarthacha, eintiteas iascaireachta agus PCNanna.

Or. en

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20

Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 40 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás cigireachtaí calafoirt, má fhaigheann an pointe teagmhála atá ainmnithe ag Ballstát tuarascáil chigireachta ó Pháirtí Conarthach, ó eintiteas iascaireachta nó ó PCN, ar tuarascáil í ina soláthraítear fianaise go bhfuil sárú déanta ag soitheach iascaireachta atá faoi bhratach an Bhallstáit sin ar CMManna SPRFMO, imscrúdóidh an Ballstát brataí an sárú líomhnaithe go pras agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi stádas an imscrúdaithe, agus faoi aon bheart forfheidhmithe a ***d'fhéadfadh a bheith déanta*** chun é a chur ar a chumas don Choimisiún Rúnaíocht SPRFMO a chur ar an eolas laistigh de 3 mhí ón bhfógra a fháil. Más rud é nach féidir leis an mBallstát tuarascáil stádais a sholáthar don Choimisiún laistigh de 3 mhí ón tuarascáil chigireachta a fháil, déanfaidh sé, laistigh den tréimhse 3 mhí, fógra a thabhairt don Choimisiún faoi na cúiseanna leis an moill agus faoin dáta a dtíolacfar an tuarascáil stádais. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis maidir le stádas an imscrúdaithe, nó maidir leis an moill leis an imscrúdú, a tharchur chuig Rúnaíocht SPRFMO.	3. I gcás cigireachtaí calafoirt, má fhaigheann an pointe teagmhála atá ainmnithe ag Ballstát tuarascáil chigireachta ***ó Bhallstát eile,*** ó Pháirtí Conarthach, ó eintiteas iascaireachta nó ó PCN, ar tuarascáil í ina soláthraítear fianaise go bhfuil sárú déanta ag soitheach iascaireachta atá faoi bhratach an Bhallstáit sin ***ar an Rialachán seo nó*** ar CMManna SPRFMO, imscrúdóidh an Ballstát brataí an sárú líomhnaithe go pras agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún***, nó don chomhlacht arna ainmniú aige,*** faoi stádas an imscrúdaithe, agus faoi aon bheart forfheidhmithe a ***rinneadh*** chun é a chur ar a chumas don Choimisiún***, nó don chomhlacht arna ainmniú aige,*** Rúnaíocht SPRFMO a chur ar an eolas laistigh de 3 mhí ón bhfógra a fháil. Más rud é nach féidir leis an mBallstát tuarascáil stádais a sholáthar don Choimisiún***, nó don chomhlacht arna ainmniú aige,*** laistigh de 3 mhí ón tuarascáil chigireachta a fháil, déanfaidh sé, laistigh den tréimhse 3 mhí, fógra a thabhairt don Choimisiún***, nó don chomhlacht arna ainmniú aige,*** faoi na cúiseanna leis an moill agus faoin dáta a dtíolacfar an tuarascáil stádais. Déanfaidh an Coimisiún***, nó an comhlacht arna ainmniú aige,*** an fhaisnéis maidir le stádas an imscrúdaithe, nó maidir leis an moill leis an imscrúdú, a tharchur chuig Rúnaíocht SPRFMO.

Or. en

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 20
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 40 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás bordáil agus cigireacht ar an mórmhuir, má fhaigheann an pointe teagmhála arna ainmniú ag Ballstát tuarascáil chigireachta ó Pháirtí Conarthach, ó eintiteas iascaireachta nó ó PCN lena soláthraítear fianaise go bhfuil sárú déanta ag soitheach iascaireachta atá faoi bhratach an Bhallstáit sin ar CMManna SPRFMO, tuairisceoidh an Ballstát brataí don Choimisiún, 110 lá ar a laghad roimh chruinniú bliantúil Choimisiún SPRFMO, maidir leis an ngníomhaíocht atá déanta aige mar fhreagairt ar an sárú líomhnaithe, lena n-áirítear aon imeacht a tionscnaíodh agus aon smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO 90 lá ar a laghad roimh an gcruinniú bliantúil.	4. I gcás bordáil agus cigireacht ar an mórmhuir, má fhaigheann an pointe teagmhála arna ainmniú ag Ballstát tuarascáil chigireachta ***ó Bhallstát eile,*** ó Pháirtí Conarthach, ó eintiteas iascaireachta nó ó PCN lena soláthraítear fianaise go bhfuil sárú déanta ag soitheach iascaireachta atá faoi bhratach an Bhallstáit sin ***ar an Rialachán seo*** ar CMManna SPRFMO, tuairisceoidh an Ballstát brataí don Choimisiún***, nó don chomhlacht arna ainmniú aige,*** 110 lá ar a laghad roimh chruinniú bliantúil Choimisiún SPRFMO, maidir leis an ngníomhaíocht atá déanta aige mar fhreagairt ar an sárú líomhnaithe, lena n-áirítear aon imeacht a tionscnaíodh agus aon smachtbhanna a cuireadh i bhfeidhm. Cuirfidh an Coimisiún***, nó an comhlacht arna ainmniú aige,*** an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO 90 lá ar a laghad roimh an gcruinniú bliantúil.’

Or. en

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 41 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tráth nach déanaí ná 110 lá roimh an gcruinniú bliantúil, tuairisceoidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO ar na modhanna atá in úsáid ag soithí iascaireachta atá faoina mbratach chun cosc a chur ar chrioscaíl a dhéanamh leis an ngaireas rianaithe satailíte. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO 90 lá ar a laghad roimh an gcruinniú bliantúil.	4. Tráth nach déanaí ná 110 lá roimh an gcruinniú bliantúil, tuairisceoidh na Ballstáit a ndéanann a soithí iascaireacht i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO ***don Choimisiún*** ar na modhanna atá in úsáid ag soithí iascaireachta atá faoina mbratach chun cosc a chur ar chrioscaíl a dhéanamh leis an ngaireas rianaithe satailíte. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht SPRFMO 90 lá ar a laghad roimh an gcruinniú bliantúil.

Or. en

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 21 a (nua)
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 42

An téacs atá ann	*Leasú*
	(21a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 42:
Airteagal 42	Airteagal 42
Rúndacht	Rúndacht ***agus cosaint sonraí***
Maidir le sonraí a bhailítear agus a mhalartaítear faoi chuimsiú an Rialacháin seo, déileálfar leo i gcomhréir leis na rialacha maidir le rúndacht ***a leagtar amach in*** Airteagal 112 agus Airteagal 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.	***1.*** Caithfear leis na sonraí a bhaileofar agus a mhalartófar faoi chuimsiú an Rialacháin seo i gcomhréir leis na rialacha ***is infheidhme*** maidir le rúndacht ***de bhun Airteagail*** 112 agus 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.
	2. Beidh aon bhailiú, aistriú, stóráil nó próiseáil eile sonraí de bhun an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679* agus (AE) 2018/1725** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
	3. Ní stórálfar sonraí pearsanta a phróiseálfar faoin Rialachán seo ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana, ach amháin má tá gá leis na sonraí pearsanta sin chun gur féidir obair leantach a dhéanamh maidir le sárú, cigireacht, nó nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin. Sna cásanna sin, féadfar sonraí pearsanta a stóráil ar feadh 20 bliain ar a mhéad. Má dhéantar sonraí pearsanta a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide, déanfar iad a anaithnidiú.
	****Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí***

pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).

*****Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).***

Or. en

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 22 – pointe a
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 43 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 7(1), (1b), 1(c) agus (2), Airteagal 11, Airteagal 13(2) agus (5), Airteagal 16(1) agus (3), Airteagal 17(1) agus (2)***, *Airteagal 21***, Airteagal 22 (1) go (4), Airteagal 23(6), Airteagal 24(1) go (3), Airteagal 25(5) agus (6), Airteagal 26(1), Airteagal 27(2), (3) agus (3a), Airteagal 28a(1) agus (2), 28b(1)***, *28(2), 28t*** agus 28u(1), Airteagal 29(1) agus (2), Airteagal 30(2), Airteagal 31(1) agus (1a), Airteagal 34(5) agus (6), Airteagal 35(2) agus (3), Airteagal 35b(4) agus 35e(1), Airteagal 36, Airteagal 37(1), Airteagal 39(2), Airteagal 40(2), (3) agus (4) agus Airteagal 41(1), (2) agus (4);	(b) na teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 7(1), (1b), 1(c) agus (2), Airteagal 11, Airteagal 13(2) agus (5), Airteagal 16(1) agus (3), Airteagal 17(1) agus (2), Airteagal ***21(1) agus (2)***, Airteagal 22 (1) go (4), Airteagal 23(6), Airteagal 24(1) go (3), Airteagal 25(5) agus (6), Airteagal 26(1), Airteagal 27(2), (3) agus (3a)***, *Airteagal 28(2)***, Airteagal 28a(1) agus (2), 28b(1), 28(2), 28t agus 28u(1), Airteagal 29(1) agus (2), Airteagal 30(2), Airteagal 31(1) agus (1a), Airteagal 34(5) agus (6), Airteagal 35(2) agus (3), Airteagal 35b(4) agus 35e(1) ***agus (2)***, Airteagal 36, Airteagal 37(1), Airteagal 39(2), Airteagal 40(2), (3) agus (4) agus Airteagal 41(1), (2) agus (4);’

Or. en

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 22 – pointe d
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 43 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(f) an cineál sonraí agus na ceanglais maidir le faisnéis a leagtar síos in Airteagal 7(2), Airteagal 11, Airteagal 13(2) agus (3), Airteagal 14(1) agus (2), Airteagal 16(1), Airteagal 17(1), Airteagal 18(2) agus (3), Airteagal 19(1), Airteagal 21, Airteagal 22 (1) go (4), Airteagal 23(6), Airteagal 24(1) go (3), Airteagal 25(1), Airteagal 26(1), Airteagal 27(2), (3) agus (3a), Airteagal 28(5), 28a(1) agus (2), 28b(1), 28i, 28n(1) agus 28t, Airteagal 29(1) agus (2) agus 29a(1) ***agus (4)***, Airteagal 31(1), Airteagal 35a(3), agus Airteagal 35e(1).	(f) an cineál sonraí agus na ceanglais maidir le faisnéis a leagtar síos in Airteagal 7(2), Airteagal 11, Airteagal 13(2) agus (3), Airteagal 14(1) agus (2), Airteagal 16(1), Airteagal 17(1), Airteagal 18(2) agus (3), Airteagal 19(1), Airteagal 21, Airteagal 22 (1) go (4), Airteagal 23(6), Airteagal 24(1) go (3), Airteagal 25(1), Airteagal 26(1), Airteagal 27(2), (3) agus (3a), Airteagal 28(5), 28a(1) agus (2), 28b(1), 28i, 28n(1) agus 28t, Airteagal 29(1) agus (2) agus 29a(1), Airteagal 31(1), Airteagal 35a(3), agus Airteagal 35e(1).

Or. en

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1 – fomhír 22 – pointe e
Rialachán (AE) 2018/975
Airteagal 43 – mír 1 – pointe q

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(q) an liosta de dhualgais na mbreathnóirí a leagtar síos in Airteagal 28q(2);	(q) an liosta de dhualgais na mbreathnóirí a leagtar síos in Airteagal 28q***(1) agus*** (2);

Or. en

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1 a (nua)
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 6 – mír 1 – pointí d agus e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) In Airteagal 6(1), pointí (d) agus (e), cuirtear '23:59' in ionad fhormáid ama '24:00';

Or. en

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 6 – mír 1 – pointí d agus e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) I bpointí (d) agus (e) d'Airteagal 6(1), cuirtear an fhormáid ama '23:59' in ionad '24:00';	***scriosta***

Or. en

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 30 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Áiritheoidh an Ballstát is cigire go ndéanfaidh a chigirí, i gcás gach amhairc i Limistéar Rialála soithigh iascaireachta atá i dteideal bratach Páirtí Chonarthaigh de chuid NAFO a bheith ar foluain aici, an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh i bhFoirm maidir le Tuarascáil Faireachais i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.A a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 38 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo:	1. Áiritheoidh an Ballstát is cigire go ndéanfaidh a chigirí, i gcás gach amhairc i Limistéar Rialála soithigh iascaireachta atá i dteideal bratach ***Ballstáit nó bratach*** Páirtí Chonarthaigh de chuid NAFO a bheith ar foluain aici, an fhaisnéis seo a leanas a thaifeadadh i bhFoirm maidir le Tuarascáil Faireachais i gcomhréir le hIarscríbhinn IV.A a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 38 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo:

Or. en

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 30 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d. gníomhaíocht an tsoithigh iascaireachta a bhfuarthas amharc uirthi i gcomhréir ***lena leagtar amach in IARSCRÍBHINN II.I.B*** a ghabhann le CEM;	***(d)*** gníomhaíocht an tsoithigh iascaireachta a bhfuarthas amharc uirthi ***i gcomhréir le hIARSCRÍBHINN II.I. Cuid B*** a ghabhann le CEM ***dá dtagraítear i bpointe 46 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo***;

Or. en

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 30 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcás ina mbreathnóidh cigire sa Limistéar Rialála soitheach iascaireachta a bhfuil bratach Páirtí Chonarthaigh de chuid NAFO ar foluain aici a bhfuil cúiseanna amhrasta ann go ndearnadh sárú dealraitheach ar an Rialachán seo, agus i gcás nach indéanta cigireacht a dhéanamh láithreach, áiritheoidh an Ballstát is cigire go ndéanfaidh an cigire an méid seo a leanas:	2. I gcás ina mbreathnóidh cigire sa Limistéar Rialála soitheach iascaireachta a bhfuil bratach ***Ballstáit nó bratach*** Páirtí Chonarthaigh de chuid NAFO ar foluain aici a bhfuil cúiseanna amhrasta ann go ndearnadh sárú dealraitheach ar an Rialachán seo, agus i gcás nach indéanta cigireacht a dhéanamh láithreach, áiritheoidh an Ballstát is cigire go ndéanfaidh an cigire an méid seo a leanas:

Or. en

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 30 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b. an tuarascáil faireachais a tharchur chuig EFCA a bhaineann le hamharc dá dtagraítear i mír 2 agus cuirfidh EFCA í gan mhoill faoi bhráid Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO lena tarchur chuig Páirtí Conarthach Stáit brataí an tsoithigh;	***(b)*** an tuarascáil faireachais a tharchur chuig EFCA a bhaineann le hamharc dá dtagraítear i mír 2 agus cuirfidh EFCA í gan mhoill faoi bhráid Rúnaí Feidhmiúcháin NAFO lena tarchur chuig ***an mBallstát brataí nó chuig*** Páirtí Conarthach Stáit brataí an tsoithigh;

Or. en

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 9 a (nua)
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 43

An téacs atá ann	*Leasú*
	(9a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 43:
Airteagal 43	**‘**Airteagal 43
Rúndacht	Rúndacht ***agus cosaint sonraí***
Déileálfaidh na Ballstáit, na húdaráis inniúla, na hoibreoirí, máistrí na soitheach agus an criú le gach tuarascáil chigireachta agus imscrúdaithe agus íomhá nó fianaise ghaolmhar agus foirm dá dtagraítear sa Chaibidil seo mar fhaisnéis rúnda, i gcomhréir leis na rialacha maidir le rúndacht a leagtar amach in Iarscríbhinn II.B a ghabhann le CEM dá dtagraítear i bpointe 37 den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.	***1. Caithfear leis na sonraí a bhaileofar agus a mhalartófar faoi chuimsiú an Rialacháin seo i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le rúndacht de bhun Airteagail 112 agus 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.***
	2. Beidh aon bhailiú, aistriú, stóráil nó próiseáil eile sonraí de bhun an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679* agus (AE) 2018/1725** ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.
	3. Ní stórálfar sonraí pearsanta a phróiseálfar faoin Rialachán seo ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana, ach

amháin má tá gá leis na sonraí pearsanta sin chun gur féidir obair leantach a dhéanamh maidir le sárú, cigireacht, nó nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin. Sna cásanna sin, féadfar sonraí pearsanta a stóráil ar feadh 20 bliain ar a mhéad. Má dhéantar sonraí pearsanta a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide, déanfar iad a anaithnidiú.

****Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).***

*****Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).'***

Or. en

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 12
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 50 – mír 2 – pointe q

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(q) ***dualgais*** mháistir an tsoithigh iascaireachta agus na mBallstát i ndáil le trealamh iascaireachta caillte nó tréigthe, agus trealamh iascaireachta a bhailiú dá	(q) ***faisnéis maidir leis an bhfógra ó*** mháistir an tsoithigh iascaireachta agus na mBallstát i ndáil le trealamh iascaireachta caillte nó tréigthe, agus trealamh

bhforáiltear in Airteagal 15;	iascaireachta a bhailiú dá bhforáiltear in Airteagal 15***(1) agus (2);***
	Or. en

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 14
Rialachán (AE) 2019/833
Airteagal 50 – mír 2 – pointe s

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(s) athruithe ar an ***tagairt do dhoiciméad NAFO le haghaidh*** liosta gníomhaíochtaí soithí a úsáideann na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 30.1.(d).	(s) athruithe ar an liosta gníomhaíochtaí soithí a úsáideann na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 30.1.(d).
	Or. en

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe -1 (nua)
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 24 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(-1) In Airteagal 3, cuirtear an pointe seo a leanas leis:
	“24a. Ciallaíonn ‘Córas Faireacháin Leictreonaigh’ nó ‘CFL’ córas comhtháite crua-earraí agus bogearraí a thacaíonn le haimsiú fís-sleachta de ghníomhaíocht iascaireachta, sonraí suímh agus/nó braiteora, lenar féidir anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar thaifid faireacháin leictreonaigh.’
	Or. en

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 1

Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 4 – mír 1a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1a. Soithí peas-saighne a sháraíonn a dteorainn ghabhála bhliantúil, beidh siad faoi réir ***tréimhse choiscthe mhéadaithe le linn na bliana dár gcionn***. ***Cuirfear 10 lá breise*** leis an tréimhse choiscthe dá dtagraítear ***i mír 1 den Airteagal seo*** i gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 1 200 tona méadrach de thuinníní mórshúileacha ***le linn na bliana roimhe sin***. I gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 1 500 tona méadrach de thuinníní mórshúileacha, cuirfear 13 lá breise leis an tréimhse choiscthe. I gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 1 800 tona de thuinníní mórshúileacha, cuirfear 16 lá breise leis an tréimhse choiscthe; i gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 2 100 tona méadrach, cuirfear 19 lá breise leis an tréimhse choiscthe; ***agus*** i gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 2 400 tona méadrach, cuirfear 22 lá breise leis an tréimhse choiscthe***, sa bhreis ar an tréimhse choiscthe dá dtagraítear i mír 1***. Cuirfear na laethanta coiscthe breise de bhun na míre seo, de réir mar is iomchuí, le tús na tréimhse coiscthe le haghaidh soithí a chomhlíonann an chéad tréimhse agus le deireadh na tréimhse coiscthe le haghaidh soithí a chomhlíonann an dara tréimhse, ionas go gcríochnóidh cosc na chéad tréimhse i gcónaí an 8 Deireadh Fómhair agus go dtosóidh an dara tréimhse i gcónaí an 9 Samhain gach bliain.	1a. Soithí peas-saighne a sháraíonn a dteorainn ghabhála bhliantúil, beidh siad faoi réir tréimhse choiscthe ***níos faide dá dtagraítear i mír 1 le linn na bliana dár gcionn, mar a leanas:***
	(a) i gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 1 200 tona méadrach de thuinníní mórshúileacha***, cuirfear 10 lá breise leis an tréimhse choiscthe;***
	(b) i gcás soithí peas-saighne a

sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 1 500 tona méadrach de thuinníní mórshúileacha, cuirfear 13 lá breise leis an tréimhse choiscthe***;***

(c) i gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 1 800 tona de thuinníní mórshúileacha, cuirfear 16 lá breise leis an tréimhse choiscthe;

(d) i gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 2 100 tona méadrach, cuirfear 19 lá breise leis an tréimhse choiscthe;

(e) i gcás soithí peas-saighne a sháraigh an teorainn ghabhála bhliantúil de 2 400 tona méadrach, cuirfear 22 lá breise leis an tréimhse choiscthe***;***

1aa. Cuirfear na laethanta coiscthe breise de bhun ***mhír 1a***, de réir mar is iomchuí, le tús na tréimhse coiscthe le haghaidh soithí a chomhlíonann an chéad tréimhse agus le deireadh na tréimhse coiscthe le haghaidh soithí a chomhlíonann an dara tréimhse, ionas go gcríochnóidh cosc na chéad tréimhse i gcónaí an 8 Deireadh Fómhair agus go dtosóidh an dara tréimhse i gcónaí an 9 Samhain gach bliain.

Or. en

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 4 a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh gach Ballstát aon fhoghabháil thuinníní gorma an Aigéin Chiúin***, nach féidir dul thar 10 dtona méadrach in aghaidh na bliana,*** a thuairisciú don Choimisiún go bliantúil. Tuairisceoidh an Coimisiún an fhaisnéis sin do Rúnaíocht	Déanfaidh gach Ballstát aon fhoghabháil thuinníní gorma an Aigéin Chiúin a thuairisciú don Choimisiún go bliantúil. Tuairisceoidh an Coimisiún an fhaisnéis sin do Rúnaíocht IATTC go bliantúil.

IATTC go bliantúil.

Or. en

Leasú 142

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 6 – mír 2a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2a. Ní fhéadfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais baoi satailíte atá ceangailte de FAD a dhíghníomhachtú ach amháin sna himthosca seo a leanas: cailliúint iomlán an ghlactha comhartha; dul i dtír; leithreasú FAD ag tríú páirtí; go sealadach le linn tréimhse choiscthe roghnaithe; nuair a bhítear lasmuigh: den limistéar idir na fadlínte 150°I agus 100°I, agus na línte domhanleithid 8°T agus 10°D; den limistéar idir an fhadlíne 100°I agus cósta mhór-roinn Mheiriceá agus na línte domhanleithid 5°T agus 15°D; nó aistriú úinéireachta.	2a. Ní fhéadfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais baoi satailíte atá ceangailte de FAD a dhíghníomhachtú ach amháin sna himthosca seo a leanas: ***(a)*** cailliúint iomlán an ghlactha comhartha; ***(b)*** dul i dtír; ***(c)*** leithreasú FAD ag tríú páirtí; ***(d)*** go sealadach le linn tréimhse choiscthe roghnaithe; ***(e)*** nuair a bhítear lasmuigh: ***(i)*** den limistéar idir na fadlínte 150°I agus 100°I, agus na línte domhanleithid 8°T agus 10°D; ***(ii)*** den limistéar idir an fhadlíne 100°I agus cósta mhór-roinn Mheiriceá agus na línte domhanleithid 5°T agus 15°D; or ***(f)*** aistriú úinéireachta.

Or. en

Leasú 143

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 6 – mír 2b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2b. Ní fhéadfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais baoi satailíte atá ceangailte de FAD ar muir a athghníomhachtú ó chian ach amháin sna himthosca seo a leanas: chun cuidiú le FAD a chuaigh i dtír a aisghabháil; tar éis díghníomhachtú sealadach le linn na tréimhse coiscthe; nó chun úinéireacht a aistriú agus an FAD ar muir.	2b. Ní fhéadfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais baoi satailíte atá ceangailte de FAD ar muir a athghníomhachtú ó chian ach amháin sna himthosca seo a leanas: ***(a)*** chun cuidiú le FAD a chuaigh i dtír a aisghabháil; ***(b)*** tar éis díghníomhachtú sealadach le linn na tréimhse coiscthe; nó ***(c)*** chun úinéireacht a aistriú agus an FAD ar muir.

Or. en

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 6 – mír 2c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2c. Déanfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais aon díghníomhachtú nó aon athghníomhachtú ó chian a dhéantar ar bhaoi satailíte a thuairisciú do ***IATTC*** i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III. ***Tíolacfar*** na tuarascálacha go míosúil le moill ama dar fad 60 lá ar a laghad, ach ***nach faide ná 90 lá tar éis díghníomhachtú nó athghníomhachtú ó chian***.	2c. Déanfaidh soithí peas-saighne de chuid an Aontais aon díghníomhachtú nó aon athghníomhachtú ó chian a dhéantar ar bhaoi satailíte a thuairisciú ***don Bhallstát brataí*** i gcomhréir le hIarscríbhinní II agus III. ***Seolfaidh an Ballstát na tuarascálacha chuig an gCoimisiún*** go míosúil le moill ama dar fad 60 lá ar a laghad, ach ***nach faide ná 70 lá tar éis díghníomhachtú nó athghníomhachtú ó chian***. ***Seolfaidh an Coimisiún na tuarascálacha chuig Rúnaíocht IATTC***

tráth nach déanaí ná 90 lá tar éis ***baoithe satailíte*** a dhíghníomhachtú nó a athghníomhachtú ó chian.

Or. en

Leasú 145

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 6– mír 5 agus mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3a) Scriostar míreanna 5 agus 6.

Or. en

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 6a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Maidir le hábhair dho-bhithdhíghrádaithe, go háirithe rópaí níolóin, is féidir iad a úsáid go heisiach chun struchtúr na comhpháirte snámhaí nó faoi uisce in FAD i gcatagóirí in-bhithdhíghrádaitheachta I agus II a neartú, mar réiteach sealadach mura bhfuil rogha mhalartach in-bhithdhíghrádaithe ar fáil.	3. Maidir le hábhair dho-bhithdhíghrádaithe, go háirithe rópaí níolóin, is féidir iad a úsáid go heisiach chun struchtúr na comhpháirte snámhaí nó faoi uisce in FAD i gcatagóirí in-bhithdhíghrádaitheachta I agus II a neartú, mar réiteach sealadach mura bhfuil rogha mhalartach in-bhithdhíghrádaithe ar fáil.

Or. en

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 7 a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit aon athrú ar	2. Déanfaidh na Ballstáit aon athrú ar

liosta na bpointí teagmhála ainmnithe agus na gcalafort ainmnithe a tharchur chuig an gCoimisiún ***20*** lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a tharchur chuig Rúnaíocht IATTC 7 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe.

liosta na bpointí teagmhála ainmnithe agus na gcalafort ainmnithe a tharchur chuig an gCoimisiún ***15*** lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe. Déanfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a tharchur chuig Rúnaíocht IATTC 7 lá ar a laghad sula ngabhfaidh éifeacht leis na hathruithe.

Or. en

Leasú 148

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 7a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá chun a áirithiú go n-éascóidh*** máistrí rochtain shábháilte ar an soitheach iascaireachta, ***go gcomhoibreoidh*** siad le húdarás inniúil ***CPC an chalafoirt***, ***go n-éascóidh*** siad an chigireacht agus an chumarsáid agus ***nach gcuirfidh*** siad bac ná imeaglú ar chigirí CPC an chalafoirt agus iad i mbun a ndualgas ná ***nach gcuirfidh*** siad isteach orthu, ná ***nach mbeidh*** siad ina gcúis le haon duine eile a bheith ag cur bac nó imeaglú orthu nó ag cur isteach orthu.	3. ***Éascóidh*** máistrí soithí iascaireachta rochtain shábháilte ar an soitheach iascaireachta, comhoibreoidh siad le húdarás inniúil ***chalafoirt ainmnithe IATTC***, ***éascóidh*** siad an chigireacht agus an chumarsáid agus ***ní chuirfidh*** siad bac ná imeaglú ar chigirí an chalafoirt agus iad i mbun a ndualgas ná ***ní chuirfidh*** siad isteach orthu, ná ***ní bheidh*** siad ina gcúis le haon duine eile a bheith ag cur bac nó imeaglú orthu nó ag cur isteach orthu.

Or. en

Leasú 149

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 7b – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Maidir leis an trealamh VMS atá suiteáilte ar shoithí, ar a laghad beidh sé soiléir má dhéantar crioscaíl leis (i.e., beidh aon iarracht cur isteach ar an trealamh	3. Maidir leis an trealamh VMS atá suiteáilte ar shoithí, ar a laghad beidh sé soiléir má dhéantar crioscaíl leis (i.e., beidh aon iarracht cur isteach ar an trealamh

inbhraite don soláthraí seirbhíse faireacháin leictreonaigh/úinéir an tsoithigh, agus déanfar í a thuairisciú d'údarás brataí an tsoithigh ar leith), beidh tuairisciú rialta sonraí suímh go hiomlán uathoibríoch, beidh sé oibríochtúil i gcónaí gan beann ar dhálaí comhshaoil, agus beidh sé in ann tuarascálacha agus teachtaireachtaí a tharchur de láimh.	inbhraite don soláthraí seirbhíse faireacháin leictreonaigh/úinéir an tsoithigh, agus déanfar í a thuairisciú d'údarás brataí an tsoithigh ar leith), beidh tuairisciú rialta sonraí suímh go hiomlán uathoibríoch, beidh sé oibríochtúil i gcónaí gan beann ar dhálaí comhshaoil, agus beidh sé in ann tuarascálacha agus teachtaireachtaí a tharchur de láimh.
	Or. en

Leasú 150

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 7b – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás ***ina sainaithnítear*** cliseadh teicniúil nó neamhfheidhmiú an ghairis rianaithe satailíte atá feistithe ar bord soitheach iascaireachta agus a chuireann cosc ar dhá tharchur as a chéile a ghlacadh, cuirfidh máistir an tsoithigh tús le tarchur láimhe i gcomhréir le mír ***5*** agus déanfar an gaireas a dheisiú nó a ionadú laistigh de 30 lá. Ní bheidh an méid sin infheidhme ach amháin i gcás ina bhfuil gach céim réasúnta ídithe ag na húdaráis inniúla chun tarchur a áirithiú agus nach bhfuil aon dara gléas rianaithe satailíte ag feidhmiú ar bord.	5. I gcás cliseadh teicniúil nó neamhfheidhmiú an ghairis rianaithe satailíte atá feistithe ar bord soitheach iascaireachta agus a chuireann cosc ar dhá tharchur as a chéile a ghlacadh, cuirfidh máistir an tsoithigh tús le tarchur láimhe i gcomhréir le mír ***6*** agus déanfar an gaireas a dheisiú nó a ionadú laistigh de 30 lá. Ní bheidh an méid sin infheidhme ach amháin i gcás ina bhfuil gach céim réasúnta ídithe ag na húdaráis inniúla chun tarchur a áirithiú agus nach bhfuil aon dara gléas rianaithe satailíte ag feidhmiú ar bord.
	Or. en

Leasú 151

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 7c – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. 'Ciallaíonn 'Córas Faireacháin Leictreonaigh' nó 'CFL' córas	***scriosta***

comhtháite crua-earraí agus bogearraí a thacaíonn le haimsiú fís-sleachta de ghníomhaíocht iascaireachta, sonraí suímh agus/nó braiteora, lenar féidir anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar thaifid faireacháin leictreonaigh.

Or. en

Réasúnú

Aistríodh an sainmhíniú sin go hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2021/56

Leasú 152

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 7c – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Soláthraítear in Iarscríbhinn VI na híoscheanglais theicniúla, na caighdeáin feidhmíochta, na gníomhaíochtaí ba cheart a chumhdach faoi CFL agus a bheith gafa ag na ceamaraí agus na moltaí ginearálta maidir le cumraíochtaí trealaimh CFL. Soithí nó grúpaí soithí ag a bhfuil dearaí comhchosúla a urramaíonn na híoschaighdeáin sin, beidh Plean um Fhaireachán Soithí (PFS) acu bunaithe ar ***dhearaí*** agus ar shonraíochtaí an tsoithigh.	4. Soláthraítear in Iarscríbhinn VI na híoscheanglais theicniúla, na caighdeáin feidhmíochta, na gníomhaíochtaí ba cheart a chumhdach faoi CFL agus a bheith gafa ag na ceamaraí agus na moltaí ginearálta maidir le cumraíochtaí trealaimh CFL. Soithí nó grúpaí soithí ag a bhfuil dearaí comhchosúla a urramaíonn na híoschaighdeáin sin, beidh Plean um Fhaireachán Soithí (PFS) acu bunaithe ar ***dhearadh*** agus ar shonraíochtaí an tsoithigh.

Or. en

Leasú 153

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 7c – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Tabharfar tuairisc sa PFS ar chumraíocht, ar chomhpháirteanna agus ar	8. Tabharfar tuairisc sa PFS ar chumraíocht, ar chomhpháirteanna agus ar

shuiteáil trealaimh CFL ar gach soitheach, agus beidh an chumraíocht sin in ann taifid CFL a bhailiú i gcomhréir leis na híoschaighdeáin éigeantacha ábhartha uile agus leis na sonraíochtaí teicniúla ábhartha uile sa doiciméad seo. Leagtar amach ábhar riachtanach an Phlean um Fhaireachán Soithí in Iarscríbhinn VIII. Féadfaidh na Ballstáit formáid eile de PFS a roghnú fad a bheidh na híoscheanglais ann a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn VIII, mír 4.	shuiteáil trealaimh CFL ar gach soitheach, agus beidh an chumraíocht sin in ann taifid CFL a bhailiú i gcomhréir leis na híoschaighdeáin éigeantacha ábhartha uile agus leis na sonraíochtaí teicniúla ábhartha uile sa doiciméad seo. Leagtar amach ábhar riachtanach an Phlean um Fhaireachán Soithí in Iarscríbhinn VIII. Féadfaidh na Ballstáit formáid eile de PFS a roghnú fad a bheidh na híoscheanglais ann a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn VIII, mír 4.
	Or. en

Leasú 154

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 7c –mír 12 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
12. Áiritheoidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil PFS iontu an méid seo a leanas:	12. Áiritheoidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais a bhfuil PFS iontu an méid seo a leanas:
	Or. en

Leasú 155

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 7c – mír 13 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cuideachtaí arna n-údarú ag ***CPC*** nó ag institiúidí ***CPC*** nó údaráis ***CPC*** a bheith ar na cinn a dhéanfaidh an anailís ar na taifid CFL sa tsintéis sonraí faireacháin leictreonaigh, agus an oiliúint, an t-eolas, na scileanna agus na cumais is gá acu chun anailís éifeachtach ar thaifid faireacháin leictreonaigh agus giniúint sonraí CFL a áirithiú; áirítear leis sin sainaithint speiceas atá cruinn go leor;	(b) cuideachtaí arna n-údarú ag ***an Aontas*** nó ag institiúidí nó údaráis ***san Aontas*** a bheith ar na cinn a dhéanfaidh an anailís ar na taifid CFL sa tsintéis sonraí faireacháin leictreonaigh, agus an oiliúint, an t-eolas, na scileanna agus na cumais is gá acu chun anailís éifeachtach ar thaifid faireacháin leictreonaigh agus giniúint sonraí CFL a áirithiú; áirítear leis sin sainaithint speiceas atá cruinn go leor;

Or. en

Leasú 156

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 7c – mír 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
15. Cuirfidh an Coimisiún tuairisc ar an gclár CFL faoi bhráid Stiúrthóir IATTC sula dtosóidh an clár faireacháin leictreonaigh ar shonraí a chur faoi bhráid IATTC. Déanfaidh na Ballstáit aon athrú ar a gclár intíre CFL a thuairisciú don Choimisiún a chuirfidh Stiúrthóir IATTC ar an eolas aon uair a tharlóidh athruithe den sórt sin.	15. Cuirfidh an Coimisiún tuairisc ar an gclár CFL faoi bhráid Stiúrthóir IATTC sula dtosóidh an clár faireacháin leictreonaigh ar shonraí a chur faoi bhráid IATTC. Déanfaidh na Ballstáit aon athrú ar a gclár intíre CFL a thuairisciú don Choimisiún a chuirfidh ***Rúnaíocht*** IATTC ar an eolas aon uair a tharlóidh athruithe den sórt sin.

Or. en

Leasú 157

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 7c – mír 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
16. Na Ballstáit a chinneann CFL a chur chun feidhme chun sonraí iascaigh a bhailiú lena gcur faoi bhráid IATTC, déanfaidh siad sonraí CFL le haghaidh gach bliana a bhailítear ar bhealach atá comhsheasmhach leis na híoschaighdeáin a leagtar amach sa ghníomh seo a thuairisciú do Rúnaíocht IATTC, ***agus is fearr go mbeidís*** comhsheasmhach le sprioc-amanna tuairiscithe sonraí ***na rún is infheidhme*** nó faoi dheireadh na bliana dár gcionn trí úsáid a bhaint as na formáidí agus na treoirlínte a thuairiscítear ***i gceanglais rúndachta*** Iarscríbhinní VI, VII agus IX.	16. Na Ballstáit a chinneann CFL a chur chun feidhme chun sonraí iascaigh a bhailiú lena gcur faoi bhráid IATTC, déanfaidh siad sonraí CFL le haghaidh gach bliana a bhailítear ar bhealach atá comhsheasmhach leis na híoschaighdeáin a leagtar amach sa Rialachán seo a thuairisciú do Rúnaíocht IATTC, comhsheasmhach le sprioc-amanna tuairiscithe sonraí nó faoi dheireadh na bliana dár gcionn trí úsáid a bhaint as na formáidí agus na treoirlínte a thuairiscítear ***in*** Iarscríbhinní VI, VII agus IX.

Or. en

Leasú 158

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 7c – mír 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
17. Na Ballstáit a chinneann CFL a chur chun feidhme chun sonraí iascaigh a bhailiú lena gcur faoi bhráid IATTC, cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin faoin ***30*** Márta an bhliain dár gcionn achoimre ar leibhéal an chabhlaigh ar na PFSanna ina dtabharfar tuairisc ar chur chun feidhme a gclár faireacháin leictreonaigh sa bhliain roimhe sin, lena n-áirítear, ar a laghad, an líon soithí a chuireann ***faireachán leictreonach*** chun feidhme de réir trealaimh agus cineál iascaigh; raon na gcumraíochtaí CFL a chuirtear chun feidhme laistigh den chabhlach; tuairisc ghinearálta ar cheanglais CFL a chuireann na Ballstáit ar ***scipéirí/scriúnna*** soithigh; céatadán na leibhéal cumhdaigh a baineadh amach de réir an chineáil iascaigh agus trealaimh; na mionsonraí maidir leis an gcaoi a ndearnadh na leibhéil chumhdaigh sin a ríomh; agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis maidir le faireachán ar chomhlíonadh.	17. Na Ballstáit a chinneann CFL a chur chun feidhme chun sonraí iascaigh a bhailiú lena gcur faoi bhráid IATTC, cuirfidh siad faoi bhráid an Choimisiúin faoin ***15*** Márta an bhliain dár gcionn achoimre ar leibhéal an chabhlaigh ar na PFSanna ina dtabharfar tuairisc ar chur chun feidhme a gclár faireacháin leictreonaigh sa bhliain roimhe sin, lena n-áirítear, ar a laghad, an líon soithí a chuireann ***CFL*** chun feidhme de réir trealaimh agus cineál iascaigh; raon na gcumraíochtaí CFL a chuirtear chun feidhme laistigh den chabhlach; tuairisc ghinearálta ar cheanglais CFL a chuireann na Ballstáit ar ***mháistrí agus criúnna*** soithigh; céatadán na leibhéal cumhdaigh a baineadh amach de réir an chineáil iascaigh agus trealaimh; na mionsonraí maidir leis an gcaoi a ndearnadh na leibhéil chumhdaigh sin a ríomh; agus, i gcás inarb iomchuí, faisnéis maidir le faireachán ar chomhlíonadh. ***Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil ar chur chun feidhme an chláir FL nó na gclár FL sa bhliain roimhe sin faoi bhráid Rúnaíocht IATTC faoin 30 Márta.***

Or. en

Leasú 159

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 10 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Maidir le soithí spiléireachta a ghabhann siorcanna go teagmhasach, cuirfidh siad teorainn le foghabháil síodsiorcanna le haghaidh méid nach mó ná 20 % den ghabháil iomlán in aghaidh an turais iascaireachta de réir ***meáchain***. Maidir leis na hiascaigh ilspeiceas ina n-úsáidtear spiléir dhromchla ***(ina n-iascann formhór na nduán ag doimhneacht atá níos éadoimhne ná 100 méadar agus ina ndírítear ar speicis seachas colgáin)***, teorannóidh siad an ghabháil síodsiorcanna ar lú a bhfad iomlán ná 100 cm go 20 % den líon iomlán síodsiorcanna a ghabhfar le linn an turais.	4. Maidir le soithí spiléireachta a ghabhann siorcanna go teagmhasach, cuirfidh siad teorainn le foghabháil síodsiorcanna le haghaidh méid nach mó ná 20 % den ghabháil iomlán in aghaidh an turais iascaireachta de réir ***beomheáchain***. Maidir leis na hiascaigh ilspeiceas ina n-úsáidtear spiléir dhromchla, teorannóidh siad an ghabháil síodsiorcanna ar lú a bhfad iomlán ná 100 cm go 20 % den líon iomlán síodsiorcanna a ghabhfar le linn an turais.

Or. en

Leasú 160

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 10 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, roimh an 15 Meán Fómhair gach bliain, i dtaobh na tréimhse aonair ina gcuirtear srian ar úsáid treoraithe cruach dá dtagraítear i mír 5 a dhéanfar a urramú le haghaidh na bliana féilire. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do Rúnaíocht IATTC dá réir sin.	7. Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún, roimh an 15 Meán Fómhair gach bliain, i dtaobh na tréimhse aonair ina gcuirtear srian ar úsáid treoraithe cruach dá dtagraítear i mír 5 a dhéanfar a urramú le haghaidh na bliana féilire. Tabharfaidh an Coimisiún***, roimh an 1 Deireadh Fómhair gach bliain,*** fógra do Rúnaíocht IATTC dá réir sin.

Or. en

Leasú 161

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Scaoilfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais go pras siorcanna (bídís beo nó marbh) a ghabhtar agus nach gcoinnítear gan ghortú, a mhéid is féidir, a luaithe a fheicfear ar an líne iad, i bhfostú san eangach nó sa bhrailéir ar an deic, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht aon duine. ***Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí*** peas-saighne an nós imeachta seo a leanas a chur i bhfeidhm chun sábháilteacht na ndaoine a bhfuil baint acu leis an oibríocht sin a chosaint:	1. Scaoilfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais go pras siorcanna (bídís beo nó marbh) a ghabhtar agus nach gcoinnítear gan ghortú, a mhéid is féidir, a luaithe a fheicfear ar an líne iad, i bhfostú san eangach nó sa bhrailéir ar an deic, agus aird chuí á tabhairt ar shábháilteacht aon duine. ***1a. Cuirfidh*** soithí peas-saighne an nós imeachta seo a leanas i bhfeidhm chun sábháilteacht na ndaoine a bhfuil baint acu leis an oibríocht sin a chosaint:

Or. en

Leasú 162

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cuirfear siorcanna atá feistithe sa bhrailéir ar an deic ar ais san uisce a luaithe is féidir, trí úsáid a bhaint as rampa ón deic atá ceangailte d'oscailt ar thaobh an tsoithigh, nó trí haistí éalaithe. Mura mbíonn rampaí nó haistí éalaithe ar fáil, ísleofar na siorcanna le crochán nó le heangach lasta, agus crann tógála nó trealamh comhchosúil á úsáid***, nó mar a léirítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Rún C-24-05***[17] ;	(b) cuirfear siorcanna atá feistithe sa bhrailéir ar an deic ar ais san uisce a luaithe is féidir, trí úsáid a bhaint as rampa ón deic atá ceangailte d'oscailt ar thaobh an tsoithigh, nó trí haistí éalaithe. Mura mbíonn rampaí nó haistí éalaithe ar fáil, ***ísleofar*** na siorcanna le crochán nó le heangach lasta, agus crann tógála nó trealamh comhchosúil á úsáid;

[17] ***https://www.iattc.org/GetAttachment/7101d6dd-24e2-428b-afe1-aab5f05726ae/C-24-05_Sharks%E2%80%93amends-and-***

replaces-Res.-C-23-07.pdf

Or. en

Leasú 163

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***beidh*** toirmeasc ar gheafanna, duáin nó uirlisí comhchosúla a úsáid chun siorcanna a láimhseáil;	(c) ***Tá*** toirmeasc ar gheafanna, duáin nó uirlisí comhchosúla a úsáid chun siorcanna a láimhseáil;

Or. en

Leasú 164

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) ***beidh*** toirmeasc ar shiorcanna a ardú trí bhreith ar an gceann, ar an eireaball, ar na scoilteanna geolbhaigh nó ar na spioracail, nó trí shreang ceangail a úsáid in aghaidh an choirp nó a chuirtear isteach tríd an gcorp. ***Beidh*** toirmeasc ar phoill a phuinseáil trí choirp siorcanna (e.g., chun cábla a cur tríd chun an siorc a ardú);	(d) ***tá*** toirmeasc ar shiorcanna a ardú trí bhreith ar an gceann, ar an eireaball, ar na scoilteanna geolbhaigh nó ar na spioracail, nó trí shreang ceangail a úsáid in aghaidh an choirp nó a chuirtear isteach tríd an gcorp. ***Tá*** toirmeasc ar phoill a phuinseáil trí choirp siorcanna (e.g., chun cábla a cur tríd chun an siorc a ardú);

Or. en

Leasú 165

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***beidh*** toirmeasc ar mhíolsiorcanna (Rhincodon typus) a thógáil ar bord an tsoithigh agus ar a dtarraingt as peas-saighean, e.g., trí úsáid a bhaint as rópaí tarraingthe.	(e) ***tá*** toirmeasc ar mhíolsiorcanna (Rhincodon typus) a thógáil ar bord an tsoithigh agus ar a dtarraingt as peas-saighean, e.g., trí úsáid a bhaint as rópaí tarraingthe.

Or. en

Leasú 166

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) uirlisí molta le haghaidh na gcleachtas láimhseála agus scaoilte is fearr:
	(i) gairis sórtála/scaoilte foghabhála le haghaidh oibrithe/príomhdheice, e.g. crannóg le doras nó rampa;
	(ii) sínteán/cliabhán.

Or. en

Leasú 167

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Ceanglóidh na Ballstáit ar shoithí*** spiléireachta an nós imeachta seo a leanas ***a chur*** i bhfeidhm chun sábháilteacht na ndaoine a bhfuil baint acu leis na hoibríochtaí sin a choimirciú:	2. ***Cuirfidh*** soithí spiléireachta an nós imeachta seo a leanas i bhfeidhm chun sábháilteacht na ndaoine a bhfuil baint acu leis na hoibríochtaí sin a chosaint:

Or. en

Leasú 168

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***déanfar*** na siorcanna ***a fhuascailt agus*** scaoilfear amach san aigéan ***iad*** a luaithe is féidir tar éis iad a fheiceáil ***i bhfostú san eangach*** den chéad uair;	(a) scaoilfear na siorcanna amach san aigéan a luaithe is féidir tar éis iad a fheiceáil ***gafa ar dhuán*** den chéad uair;

Or. en

Leasú 169

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Aireagal 12 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) cuirfear siorcanna atá feistithe sa bhrailéir ar an deic ar ais san uisce a luaithe is féidir, trí úsáid a bhaint as rampa ón deic atá ceangailte d'oscailt ar thaobh an tsoithigh, nó trí haistí éalaithe. Mura mbíonn rampaí nó haistí éalaithe ar fáil, ísleofar na siorcanna le crochán nó le heangach lasta, agus crann tógála nó trealamh comhchosúil á úsáid***, nó mar a léirítear in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Rún C-24-05;***	(b) cuirfear siorcanna atá feistithe sa bhrailéir ar an deic ar ais san uisce a luaithe is féidir, trí úsáid a bhaint as rampa ón deic atá ceangailte d'oscailt ar thaobh an tsoithigh, nó trí haistí éalaithe. Mura mbíonn rampaí nó haistí éalaithe ar fáil, ***ísleofar*** na siorcanna le crochán nó le heangach lasta, agus crann tógála nó trealamh comhchosúil á úsáid;

Or. en

Leasú 170

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ***beidh*** toirmeasc ar gheafanna,	(c) ***Tá*** toirmeasc ar gheafanna, duáin

duáin nó uirlisí comhchosúla a úsáid chun siorcanna a láimhseáil;

nó uirlisí comhchosúla a úsáid chun siorcanna a láimhseáil;

Or. en

Leasú 171

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) beidh toirmeasc ar shiorcanna a ardú trí bhreith ar an gceann, ar an eireaball, ar na scoilteanna geolbhaigh nó ar na spioracail, nó trí shreang ceangail a úsáid in aghaidh an choirp nó a chuirtear isteach tríd an gcorp. ***Beidh*** toirmeasc ar phoill a phuinseáil trí choirp siorcanna (e.g., chun cábla a cur tríd chun an siorc a ardú);	(d) beidh toirmeasc ar shiorcanna a ardú trí bhreith ar an gceann, ar an eireaball, ar na scoilteanna geolbhaigh nó ar na spioracail, nó trí shreang ceangail a úsáid in aghaidh an choirp nó a chuirtear isteach tríd an gcorp. ***Tá*** toirmeasc ar phoill a phuinseáil trí choirp siorcanna (e.g., chun cábla a cur tríd chun an siorc a ardú);

Or. en

Leasú 172

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) ***beidh*** toirmeasc ar mhíolsiorcanna (Rhincodon typus) a thógáil ar bord an tsoithigh agus ar a dtarraingt ***as peas-saighean***, e.g., trí úsáid a bhaint as ropaí tarraingthe;	(e) ***tá*** toirmeasc ar mhíolsiorcanna (Rhincodon typus) a thógáil ar bord an tsoithigh agus ar a dtarraingt, e.g., trí úsáid a bhaint as ropaí tarraingthe;

Or. en

Leasú 173

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7

Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 2 – pointe g a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	"(ga) uirlisí molta le haghaidh na gcleachtas láimhseála agus scaoilte is fearr:
	(i) eangach cochaill;
	(ii) uirlis ghearr bainte duáin, i gcás siorcanna a thugtar ar bord;
	(iii) gearrthóirí líne;
	(iv) uirlis bainte duáin le hanla gearr, ar shoithí a bhfuil saorbhord acu ar lú é ná 2 mhéadar;
	(v) gearrthóir líne le hanla fada a bhfuil a fhad cothrom le fad saorbhoird an tsoithigh nó níos faide ná sin;
	(vi) uirlis bainte duáin le hanla fada a bhfuil a fhad cothrom le fad saorbhoird an tsoithigh nó níos faide ná sin.'

Or. en

Leasú 174

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 12 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. De bhreis ar an méid a léirítear faoi Airteagal 12(1), cuirfidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais na cleachtais láimhseála agus scaoilte sábháilte is fearr i bhfeidhm maidir le siorcanna i gcomhréir le treoirlínte Iarscríbhinn 3 agus 3.1 a ghabhann le Rún C-24-05.	***scriosta***

Or. en

Réasúnú

Níl gá leis an mír seo, i bhfianaise na bhforálacha a leagtar síos in Iarscríbhinn 3 a

ghabhann le Rún C-24-05, áirítear san airteagal í.

Leasú 175

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Baileoidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais sonraí le haghaidh síodsiorcanna agus siorcanna ceann casúir agus cuirfidh siad iad faoi bhráid ***na mBallstát***, a ***sheolfaidh*** na sonraí sin chuig an gCoimisiún ***agus a*** chuirfidh iad faoina bhráid faoin ***31*** Márta gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún na sonraí sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht IATTC.	1. Baileoidh máistrí soithí iascaireachta de chuid an Aontais sonraí le haghaidh síodsiorcanna agus siorcanna ceann casúir agus cuirfidh siad iad faoi bhráid ***an Bhallstáit bhrataí***, a chuirfidh na sonraí sin faoi bhráid an Choimisiúin faoin ***15*** Márta gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún na sonraí ar aghaidh chuig Rúnaíocht IATTC ***faoin 31 Márta gach bliain***.

Or. en

Leasú 176

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh gach Ballstát sonraí maidir le gabhálacha, iarracht de réir an chineáil trealaimh lena dtugtar siorcanna i dtír agus trádáil siorcanna a thuairisciú, de réir speicis i gcás inar féidir, i gcomhréir le nósanna imeachta tuairiscithe IATTC, lena n-áirítear na sonraí stairiúla atá ar fáil, don Choimisiún faoin ***31*** Márta gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún na sonraí sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht IATTC.	2. Déanfaidh gach Ballstát sonraí maidir le gabhálacha, iarracht de réir an chineáil trealaimh lena dtugtar siorcanna i dtír agus trádáil siorcanna a thuairisciú, de réir speicis i gcás inar féidir, i gcomhréir le nósanna imeachta tuairiscithe IATTC, lena n-áirítear na sonraí stairiúla atá ar fáil, don Choimisiún faoin ***15*** Márta gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún na sonraí ar aghaidh chuig Rúnaíocht IATTC ***faoin 31 Márta gach bliain***.

Or. en

Leasú 177

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 10
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 25 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) cuirfidh na Ballstáit na sonraí arna mbailiú ar FADanna i gcomhréir le hAirteagal ***14*** den Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 75 lá roimh gach cruinniú rialta den Choiste Comhairleach Eolaíoch. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht IATTC tráth nach déanaí ná 60 lá roimh chruinniú ***an Choiste Chomhairligh Eolaíoch***.	***6.*** cuirfidh na Ballstáit na sonraí arna mbailiú ar FADanna i gcomhréir le hAirteagal ***6*** den Rialachán seo faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 75 lá roimh gach cruinniú rialta den Choiste Comhairleach Eolaíoch ***(CCE)***. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig Rúnaíocht IATTC tráth nach déanaí ná 60 lá roimh chruinniú ***CCE***.

Or. en

Leasú 178

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 26 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Líonfaidh na Ballstáit an ceistneoir caighdeánach maidir le comhlíonadh IATTC dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rún C-22-02[18] tráth nach déanaí ná 75 lá roimh chruinniú bliantúil an Choiste um Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme na mBeart arna ghlacadh ag Coimisiún IATTC (‘an Coiste um Chomhlíonadh’). Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig ***Stiúrthóir*** IATTC tráth nach déanaí ná 60 lá roimh chruinniú an Choiste um Chomhlíonadh.	1. Líonfaidh na Ballstáit an ceistneoir caighdeánach maidir le comhlíonadh ***Rúin*** IATTC dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rún C-22-02[18] tráth nach déanaí ná 75 lá roimh chruinniú bliantúil an Choiste um Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme na mBeart arna ghlacadh ag Coimisiún IATTC (‘an Coiste um Chomhlíonadh’). Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig ***Rúnaíocht*** IATTC tráth nach déanaí ná 60 lá roimh chruinniú an Choiste um Chomhlíonadh.
18 https://www.iattc.org/GetAttachment/82979774-0873-498a-8416-67ca268e023a/C-22-02_Compliance.pdf	18 https://www.iattc.org/GetAttachment/82979774-0873-498a-8416-67ca268e023a/C-22-02_Compliance.pdf

Or. en

Leasú 179

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 26 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Má fhaigheann an Coimisiún aon fhaisnéis ó ***Stiúrthóir*** IATTC ina léireofar amhras nár chomhlíon Ballstát nó soithí iascaireachta de chuid an Aontais an Coinbhinsiún nó Rúin, tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig an mBallstát lena mbaineann gan mhoill.	2. Má fhaigheann an Coimisiún aon fhaisnéis ó ***Rúnaíocht*** IATTC ina léireofar amhras nár chomhlíon Ballstát nó soithí iascaireachta de chuid an Aontais an Coinbhinsiún nó Rúin, tarchuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig an mBallstát lena mbaineann gan mhoill.

Or. en

Leasú 180

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 26 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig ***Stiúrthóir*** IATTC ar a laghad 60 lá roimh chruinniú an Choiste um Chomhlíonadh.	4. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar aghaidh chuig ***Rúnaíocht*** IATTC ar a laghad 60 lá roimh chruinniú an Choiste um Chomhlíonadh.

Or. en

Leasú 181

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 11 a (nua)
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 27

An téacs atá ann	*Leasú*
	(11a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 27:

Airteagal 27	***'Airteagal 27***
Rúndacht	Rúndacht ***agus cosaint sonraí***
I dteannta na n-oibleagáidí a leagtar síos in Airteagail 112 agus 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, áiritheoidh na Ballstáit, máistrí soithí agus breathnóirí gur i modh rúin a dhéileálfar leis na tuarascálacha leictreonacha agus leis na teachtaireachtaí leictreonacha a tharchuirfear chuig Rúnaíocht IATTC agus a gheofar uaidh de bhun Airteagal 10(2), Airteagal 19(5) agus (8) agus Airteagal 21(6) den Rialachán seo.	***1. Caithfear leis na sonraí a bhaileofar agus a mhalartófar faoi chuimsiú an Rialacháin seo i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme maidir le rúndacht de bhun Airteagail 112 agus 113 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009.***
	2. Beidh aon bhailiú, aistriú, stóráil nó próiseáil eile sonraí de bhun an Rialacháin seo i gcomhréir le Rialacháin (AE) 2016/679* agus (AE) 2018/1725**.
	3. Ní stórálfar sonraí pearsanta a phróiseálfar faoin Rialachán seo ar feadh tréimhse is faide ná 10 mbliana, ach amháin má tá gá leis na sonraí pearsanta sin chun gur féidir obair leantach a dhéanamh maidir le sárú, cigireacht, nó nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin. Sna cásanna sin, féadfar sonraí pearsanta a stóráil ar feadh 20 bliain ar a mhéad. Má dhéantar sonraí pearsanta a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide, déanfar iad a anaithnidiú.
	****Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1).***
	*****Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí,***

oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).'

Or. en

Leasú 182

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 12
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 27a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Cuirtear isteach Airteagal 27a mar a leanas:	***scriosta***
'Airteagal 27a	
Treoirlínte	
Déanfaidh an Coimisiún aon treoirlíne arna forbairt ag IATTC a sholáthar do na Ballstáit a bhfuil deiseanna iascaireachta acu sa limistéar a chumhdaítear faoin gCoinbhinsiún maidir leis na cleachtais láimhseála agus scaoilte shábháilte is fearr le haghaidh siorcanna.	
Áiritheoidh na Ballstáit lena mbaineann go gcuirfear na treoirlínte sin ar fáil do mháistrí a soithí atá gníomhach sna hiascaigh lena mbaineann. Déanfaidh na máistrí sin na bearta uile is gá/féideartha chun na treoirlínte sin a chur i bhfeidhm.'	

Or. en

Réasúnú

Níl gá leis an airteagal seo, i bhfianaise Airteagal 12 nua ina bhfuil na forálacha uile a leagtar amach in Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Rún C-24-05.

Leasú 183

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 13
Rialachán (AE) 2021/56
Airteagal 28 – mír 1 – pointe p

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) In Airteagal 28, mír 1, cuirtear isteach pointe (p):	(13) ***Leasaítear*** Airteagal 28***(1) mar a leanas:***
	(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (o):
(o) an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.	‘(o) ***na hIarscríbhinní*** a ghabhann leis an Rialachán seo’.
	(b) cuirtear ***an pointe*** seo a leanas ***leis***:
(p) an tagairt ***do dhoiciméid threoracha a sholáthraítear in Airteagal 12(1)(b) agus 12(2)(b) agus Airteagal 12(3) agus tagairt do ghníomhartha idirnáisiúnta*** a leagtar amach in Airteagal 26(1)	(p) an tagairt ***don Cheistneoir Caighdeánach maidir le Comhlíonadh Rúin IATTC*** a leagtar amach in Airteagal 26(1).

Or. en

Leasú 184

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 14
Rialachán (AE) 2021/56
Iarscríbhinn

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) I dteideal na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/56 ‘Tábla 1: Bearta maolaithe’, cuirtear ‘Iarscríbhinn ***II***’ in ionad an téarma ‘Iarscríbhinn’.	(14) I dteideal na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/56 ‘Tábla 1: Bearta maolaithe’, cuirtear ‘Iarscríbhinn ***I***’ in ionad an téarma ‘Iarscríbhinn’.

Or. en

Leasú 185

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe 1

Rialachán (AE) 2022/2056
Airteagal 14 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Na soithí spléireachta de chuid an Aontais a dhíríonn ar thuinníní agus ar mhairlíní idir 20°T agus 20°D, ní úsáidfidh siad tarrac sreinge mar fhodhoruithe ná línte titimeáin agus beidh toirmeasc ar úsáid a bhaint as doruithe siorca nó fodhoruithe a ritheann díreach amach ó na snámháin spléireachta nó ó na doruithe doimhne, ar a dtugtar doruithe siorca mar a léirítear in Iarscríbhinn VI. Soithí a iompraíonn tarrac sreinge mar fhodhoruithe nó treoraithe, ***stuálfaidh*** siad iad.	1. Na soithí spléireachta de chuid an Aontais a dhíríonn ar thuinníní agus ar mhairlíní idir 20°T agus 20°D, ní úsáidfidh siad tarrac sreinge mar fhodhoruithe ná línte titimeáin agus beidh toirmeasc ar úsáid a bhaint as doruithe siorca nó fodhoruithe a ritheann díreach amach ó na snámháin spléireachta nó ó na doruithe doimhne, ar a dtugtar doruithe siorca mar a léirítear in Iarscríbhinn VI. Soithí a iompraíonn tarrac sreinge mar fhodhoruithe nó treoraithe, ***coinneoidh*** siad iad ***stuáilte***.

Or. en

Leasú 186

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe 2
Rialachán (AE) 2022/2056
Airteagal 15 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Eiseamail de shiorcanna bána aigéanacha a ghabhtar go neamhintinneach agus a reoitear mar chuid d'oibríocht soithí peas-saighne, tabharfaidh an soitheach iascaireachta suas iad do na húdaráis ***rialtais fhreagracha*** nó aischuirfear iad ag pointe a dtugtha i dtír nó a dtrasloingsithe. Maidir le siorcanna bána aigéanacha a thugtar suas ar an mbealach sin, ní fhéadfaidh na húdaráis ***rialtais fhreagracha*** iad a dhíol ná a mhalartú ach féadfar iad a bhronnadh lena gcaitheamh ag an duine sa bhaile.	5. Eiseamail de shiorcanna bána aigéanacha a ghabhtar go neamhintinneach agus a reoitear mar chuid d'oibríocht soithí peas-saighne, tabharfaidh an soitheach iascaireachta suas iad do na húdaráis ***inniúla*** nó aischuirfear iad ag pointe a dtugtha i dtír nó a dtrasloingsithe. Maidir le siorcanna bána aigéanacha a thugtar suas ar an mbealach sin, ní fhéadfaidh na húdaráis ***inniúla*** iad a dhíol ná a mhalartú ach féadfar iad a bhronnadh lena gcaitheamh ag an duine sa bhaile.

Or. en

Leasú 187

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2022/2056
Airteagal 17 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Eiseamail de shíodsiorcanna a ghabhtar go neamhintinneach agus a reoitear mar chuid d'oibríocht soithí peas-saighne, tabharfaidh an soitheach iascaireachta suas iad do na húdaráis ***rialtais fhreagracha*** nó aischuirfear iad ag pointe a dtugtha i dtír nó a dtrasloingsithe. Maidir le síodsiorcanna a thugtar suas ar an mbealach sin, ní fhéadfaidh na húdaráis ***rialtais fhreagracha*** iad a dhíol ná a mhalartú ach féadfar iad a bhronnadh lena gcaitheamh ag an duine sa bhaile.	6. Eiseamail de shíodsiorcanna a ghabhtar go neamhintinneach agus a reoitear mar chuid d'oibríocht soithí peas-saighne, tabharfaidh an soitheach iascaireachta suas iad do na húdaráis ***inniúla*** nó aischuirfear iad ag pointe a dtugtha i dtír nó a dtrasloingsithe. Maidir le síodsiorcanna a thugtar suas ar an mbealach sin, ní fhéadfaidh na húdaráis ***inniúla*** iad a dhíol ná a mhalartú ach féadfar iad a bhronnadh lena gcaitheamh ag an duine sa bhaile.

Or. en

Leasú 188

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe 3 a (nua)
Rialachán (AE) 2022/2056
Airteagal 18 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(3 a) In Airteagal 18, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:
	3a. Beidh toirmeasc ar gach soitheach spiléireachta agus peas-saighne céiticeach (infrord Cetacea) a ghabháil, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a stóráil, a thabhairt i dtír nó a chur ar díol go hiomlán nó go páirteach.

Or. en

Leasú 189

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe 4 a (nua)

Rialachán (AE) 2022/2056
Airteagal 37 – mír 1 – pointe d

An téacs atá ann	*Leasú*
	(4a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 37(1), pointe (d):
(d) scaoileadh sábháilte céiticeach.	***'(d) láimhseáil agus*** scaoileadh sábháilte céiticeach.***'***

Or. en

Leasú 190

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1 – pointe 4 b (nua)
Rialachán (AE) 2022/2056
Airteagal 38 – mír 3 – pointí i a (nua) agus i b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4b) In Airteagal 38(3), cuirtear isteach na pointí seo a leanas:
	'(ia) dul chun cinn chur chun feidhme an Rialacháin seo maidir le céiticigh a chaomhnú, lena n-áirítear faisnéis a bhailítear ar idirghníomhaíochtaí le céiticigh in iascaigh arna mbainistiú faoin gCoinbhinsiún;
	(ib) aon ghabháil de thuinníní gorma an Aigéin Chiúin (Thunnus orientalis).'

Or. en

Réasúnú

CMM/2024/01 agus CMM/2024/02

Leasú 191

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 5a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh toirmeasc a chur ar a soithí brataí iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní mórshúileacha, tuinníní buí agus tuinníní aigéanacha ***i limistéar inniúlachta IOTC*** ar feadh tréimhse 31 lá as a chéile ar a laghad. Féadfar soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán agus a bhíonn ag iascaireacht laistigh de LEE Ballstáit a eisiamh.	1. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh toirmeasc a chur ar a soithí brataí iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní mórshúileacha, tuinníní buí agus tuinníní aigéanacha ***sa Limistéar*** ar feadh tréimhse 31 lá as a chéile ar a laghad. Féadfar soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán agus a bhíonn ag iascaireacht laistigh de LEE Ballstáit a eisiamh.

Or. en

Leasú 192

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 3
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 5a – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Na Ballstáit a chinnfidh an tréimhse iata iascaireachta a chur chun feidhme, cuirfidh siad an tréimhse ***a toghadh*** don iamh iascaireachta in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 15 Nollaig gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht IATTC tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig.	2. Na Ballstáit a chinnfidh an tréimhse iata iascaireachta a chur chun feidhme, cuirfidh siad an tréimhse a ***roghnaíodh*** don iamh iascaireachta in iúl don Choimisiún tráth nach déanaí ná an 15 Nollaig gach bliain. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin chuig Rúnaíocht IATTC tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig.

Or. en

Leasú 193

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8 a – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ní cheadaítear ach do shoithí peas-saighne agus do shoithí soláthair gaolmhara DFADanna agus baoithe gléasta	1. Ní cheadaítear ach do shoithí peas-saighne agus do shoithí soláthair gaolmhara ***FADanna le sruth***

a úsáid.	***(DFADanna)*** agus baoithe gléasta a úsáid.
	Or. en

Leasú 194

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8a – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Déanfaidh na Ballstáit plean bainistíochta náisiúnta a tharraingt suas maidir le DFADanna arna n-úsáid ag a gcuid soithí peas-saighne. Leanfaidh an plean bainistíochta na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn 2.	7. Déanfaidh na Ballstáit plean bainistíochta náisiúnta a tharraingt suas maidir le DFADanna arna n-úsáid ag a gcuid soithí peas-saighne. Leanfaidh an plean bainistíochta na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 ***- A***.
	Or. en

Leasú 195

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 4
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8a – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Cuirfidh na Ballstáit an plean bainistíochta dá dtagraítear i mír 7 faoi bhráid an Choimisiúin tráth nach déanaí ná 75 lá roimh chruinniú bliantúil ***2025*** de chuid IOTC, ***agus cuirfidh siad*** leasuithe bliantúla ***isteach ansin nuair is gá***.	8. Cuirfidh na Ballstáit an plean bainistíochta dá dtagraítear i mír 7 faoi bhráid an Choimisiúin ***gan mhoill, mar aon le haon leasú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an bplean***. ***Cuirfidh an Coimisiún pleananna bainistíochta na mBallstát ar aghaidh chuig Rúnaíocht IOTC***, tráth nach déanaí ná 75 lá roimh chruinniú bliantúil IOTC, ***chomh maith le*** leasuithe ina dhiaidh sin ***ar na pleananna sin***.
	Or. en

Leasú 196

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 5

Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8b – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh ní úsáidfidh siad aon DFAD i gcatagóir V a thuilleadh ná ní úsáidfidh siad ach DFADanna i gcatagóirí in-bhithmhillteachta I, II III agus IV mar a shainítear in Iarscríbhinn ***III***;	(a) ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh ní úsáidfidh siad aon DFAD i gcatagóir V a thuilleadh ná ní úsáidfidh siad ach DFADanna i gcatagóirí in-bhithmhillteachta I, II III agus IV mar a shainítear in Iarscríbhinn ***3b***;

Or. en

Leasú 197

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8b – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh ní úsáidfidh siad ach DFADanna i gcatagóirí I agus II mar a shainítear in Iarscríbhinn ***III***; agus	(b) ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh ní úsáidfidh siad ach DFADanna i gcatagóirí I agus II mar a shainítear in Iarscríbhinn ***3b***; agus

Or. en

Leasú 198

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 5
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8b – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) ón 1 Eanáir 2029 ar aghaidh ní úsáidfidh siad ach DFADanna i gcatagóir I agus II mar a shainítear in Iarscríbhinn ***III***.	(c) ón 1 Eanáir 2029 ar aghaidh ní úsáidfidh siad ach DFADanna i gcatagóir I agus II mar a shainítear in Iarscríbhinn ***3b***.

Or. en

Leasú 199

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 6

Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8c – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Gach bliain, déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais an líon baoithe gléasta a sannadh dóibh a chur faoi bhráid a mBallstáit brataí faoi dheireadh gach bliana féilire, lena n-áirítear baoithe gléasta a cailleadh, nó a tréigeadh agus/nó a diúscraíodh in aghaidh an limistéir greille 1° faoi 1° agus de réir sraith míosa agus an chineáil DFAD. Déanfar an fhaisnéis a shrathú de réir cabhlaigh, bliana, míosa agus greille 1° faoi 1°, agus sloinnfear í mar mheánlíon laethúil na mbaoithe gléasta gníomhacha i ngach sraith. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 51(2).	2. Gach bliain, déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais an líon baoithe gléasta a sannadh dóibh a chur faoi bhráid a mBallstáit brataí faoi dheireadh gach bliana féilire, lena n-áirítear baoithe gléasta a cailleadh, nó a tréigeadh agus/nó a diúscraíodh in aghaidh an limistéir greille 1° faoi 1° agus de réir sraith míosa agus an chineáil DFAD. Déanfar an fhaisnéis a shrathú de réir cabhlaigh, bliana, míosa agus greille 1° faoi 1°, agus sloinnfear í mar mheánlíon laethúil na mbaoithe gléasta gníomhacha i ngach sraith. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 51(2).

Or. en

Leasú 200

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8c – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Go dtí go dtabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit faoi theacht i bhfeidhm chlár DFADanna IOTC, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a soithí faoi bhratach an dáta, an t-am agus na comhordanáidí geografacha (céimeanna deachúla) a úsáideadh gach baoi gléasta a bhaineann lena uimhir thagartha uathúil baoi gléasta a thaifeadadh sa logleabhar iomchuí.	3. Go dtí go dtabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit faoi theacht i bhfeidhm chlár DFADanna IOTC, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh a soithí faoi bhratach an dáta, an t-am agus na comhordanáidí geografacha (céimeanna deachúla) a úsáideadh gach baoi gléasta a bhaineann lena uimhir thagartha uathúil baoi gléasta a thaifeadadh sa logleabhar iomchuí.

Or. en

Leasú 201

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8c –mír 4 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. A luaithe a thabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit faoi theacht i bhfeidhm chlár DFADanna IOTC, cuirfidh úinéirí baoithe an fhaisnéis seo a leanas isteach maidir le húsáid baoithe gléasta	4. A luaithe a thabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit faoi theacht i bhfeidhm chlár DFADanna IOTC, cuirfidh úinéirí baoithe an fhaisnéis seo a leanas isteach maidir le húsáid baoithe gléasta

Or. en

Leasú 202

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8c – mír 4 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) uimhir thagartha uathúil an bhaoi ghléasta lenar féidir a úinéir baoi a shainaithint;	(a) uimhir thagartha uathúil an bhaoi ghléasta lenar féidir a úinéir baoi a shainaithint;

Or. en

Leasú 203

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8c – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Tabharfaidh úinéir an bhaoi fógra, tríd an gClár DFADanna agus laistigh de 24 uair an chloig tar éis a ghníomhachtaithe, do Rúnaíocht IOTC agus dá Bhallstát brataí nuair a ghníomhachtófar baoi gléasta, in éineacht le haitheantóir uathúil IOTC an DFAD	6. Tabharfaidh úinéir an bhaoi fógra, tríd an gClár DFADanna agus laistigh de 24 uair an chloig tar éis a ghníomhachtaithe, do Rúnaíocht IOTC agus dá Bhallstát brataí nuair a ghníomhachtófar baoi gléasta, in éineacht le haitheantóir uathúil IOTC an DFAD

arna sholáthar ag rúnaíocht IOTC.

arna sholáthar ag rúnaíocht IOTC.

Or. en

Leasú 204

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8c – mír 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
10. Féadfaidh na Ballstáit iarraidh chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar rochtain ar an bhfaisnéis a liostaítear i mír 4(c), (d) agus (j) a bhaineann le DFADanna arna n-úsáid ag CPC eile.	10. Féadfaidh na Ballstáit iarraidh chuí-réasúnaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar rochtain ar an bhfaisnéis a liostaítear i mír 4(c), (d) agus (j) a bhaineann le DFADanna arna n-úsáid ag ***Ballstáit nó*** CPC eile.

Or. en

Leasú 205

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 6
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 8c – mír 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
11. I gcás ina n-iarrfaidh CPC eile rochtain ar an bhfaisnéis a liostaítear i mír 4(c), (d) agus (j) a bhaineann le DFADanna arna n-úsáid ag Ballstát, cuirfidh an Coimisiún an iarraidh sin ar aghaidh chuig an mBallstát lena mbaineann tar éis dó réasúnú na hiarrata a iarraidh ar an CPC iarrthach. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann a thoiliú in iúl don Choimisiún laistigh de 20 lá maidir leis an bhfaisnéis i mír 4(j) a chur ar fáil nó maidir lena dhiúltú réasúnaithe.	11. I gcás ina n-iarrfaidh ***Ballstát nó*** CPC eile rochtain ar an bhfaisnéis a liostaítear i mír 4(c), (d) agus (j) a bhaineann le DFADanna arna n-úsáid ag Ballstát, cuirfidh an Coimisiún an iarraidh sin ar aghaidh chuig an mBallstát lena mbaineann. ***I gcás ina n-iarrfaidh CPC eile an fhaisnéis, ní chuirfidh an Coimisiún an iarraidh ar aghaidh ach amháin tar éis dó na cúiseanna atá leis an iarraidh a iarraidh ar an CPC iarrthach***. Cuirfidh an Ballstát lena mbaineann a thoiliú in iúl don Choimisiún laistigh de 20 lá maidir leis an bhfaisnéis i mír 4(j) a chur ar fáil nó maidir lena dhiúltú réasúnaithe.

Or. en

Leasú 206

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais taifead ar ghníomhaíochtaí iascaireachta i gcomhar le AFADanna ag baint úsáid as na míreanna sonraí ar leith a leagtar amach in Iarscríbhinn 3. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 51(2).	1. Déanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais taifead ar ghníomhaíochtaí iascaireachta i gcomhar le ***FADanna ar ancaire (AFADanna)*** ag baint úsáid as na míreanna sonraí ar leith a leagtar amach in Iarscríbhinn 3. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis sin chuig an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 51(2).

Or. en

Leasú 207

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh na Ballstáit plean bainistíochta náisiúnta a tharraingt suas maidir le AFADanna arna n-úsáid ag a gcuid soithí peas-saighne. Leanfaidh an plean bainistíochta na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn 2.	2. Déanfaidh na Ballstáit plean bainistíochta náisiúnta a tharraingt suas maidir le AFADanna arna n-úsáid ag a gcuid soithí iascaireachta. Leanfaidh an plean bainistíochta na treoirlínte a leagtar amach in Iarscríbhinn 2 ***- B***.

Or. en

Leasú 208

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 9 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tabharfaidh na Ballstáit faoi chigireachtaí ***ar*** muir chun a áirithiú go ndéanfar na AFADanna arna n-úsáid a mharcáil agus a thógáil i gcomhréir le hAirteagal 9a.	4. Tabharfaidh na Ballstáit faoi chigireachtaí ar muir chun a áirithiú go ndéanfar na AFADanna arna n-úsáid a mharcáil agus a thógáil i gcomhréir le hAirteagal 9a.

Or. en

Leasú 209

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 9 – mír 5 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún i gcás ina n-úsáidtear AFAD nua in uiscí an Aontais, laistigh de 15 lá óna úsáid, leis an	Tuairisceoidh na Ballstáit don Choimisiún i gcás ina n-úsáidtear AFAD nua in uiscí an Aontais, laistigh de 15 lá óna úsáid, leis an

bhfaisnéis seo a leanas:

bhfaisnéis seo a leanas:

Or. en

Leasú 210

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 9 – mír 5 – fomhír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(c) an Uimhir Aitheantais Náisiúnta Uathúil, dá dtagraítear i mír ***4***.	(c) an Uimhir Aitheantais Náisiúnta Uathúil, dá dtagraítear i mír ***3***.

Or. en

Leasú 211

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 7
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 9 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Tráth nach déanaí ná 75 lá roimh chruinniú bliantúil IOTC, cuirfidh na Ballstáit isteach tuarascáil ar dhul chun cinn ***maidir le*** cur chun feidhme an phlean bainistíochta chun AFADanna a úsáid, agus, más gá, athbhreithniú ar an bplean bainistíochta a cuireadh isteach ar dtús. Áireofar sa tuarascáil ar dhul chun cinn clár AFADanna arna n-úsáid, arna gcailliúint, arna dtréigean agus arna ndiúscairt agus líon agus toradh na gcigireachtaí dá dtagraítear i mír 3.	6. Tráth nach déanaí ná 75 lá roimh chruinniú bliantúil IOTC, cuirfidh na Ballstáit isteach tuarascáil ar dhul chun cinn ***i ndáil*** le cur chun feidhme an phlean bainistíochta chun AFADanna a úsáid, agus, más gá, athbhreithniú ar an bplean bainistíochta a cuireadh isteach ar dtús. Áireofar sa tuarascáil ar dhul chun cinn clár AFADanna arna n-úsáid, arna gcailliúint, arna dtréigean agus arna ndiúscairt agus líon agus toradh na gcigireachtaí dá dtagraítear i mír 3.

Or. en

Leasú 212

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 8
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 9a – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit agus soithí iascaireachta de chuid an Aontais go gcuirfear cineál agus próifíl ghrinneall na farraige san áireamh agus láithreán á roghnú acu chun AFADanna arna n-úsáid a úsáid nó a ionadú. I gcás inar féidir, ***ba cheart*** láithreáin ina bhfuil fánaí géara a sheachaint chun an riosca caillteanais a íoslaghdú.	3. Áiritheoidh na Ballstáit agus soithí iascaireachta de chuid an Aontais go gcuirfear cineál agus próifíl ghrinneall na farraige san áireamh agus láithreán á roghnú acu chun AFADanna arna n-úsáid a úsáid nó a ionadú. I gcás inar féidir, ***déanfar*** láithreáin ina bhfuil fánaí géara a sheachaint, chun an riosca caillteanais a íoslaghdú.

Or. en

Leasú 213

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe 11
Rialachán (AE) 2022/2343
Airteagal 22 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
